2026/2614

24.11.2026

# RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2026/2614 ÓN gCOIMISIÚN

## an 23 Samhain 2026

## lena bhforchuirtear beart coimirce sealadach maidir le hallmhairí feithiclí hibrideacha nua áirithe atá ceaptha chun daoine a iompar

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2015/478 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márta 2015 maidir le comhrialacha d'allmhairí ([1]), agus go háirithe Airteagail 5 agus 7 de,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2015/755 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2015 maidir le comhrialacha d'allmhairí ó thríú tíortha áirithe ([2]), agus go háirithe Airteagail 3 agus 4 de,

Ag féachaint don Chomhaontú maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ([3]), agus go háirithe Airteagal 113(3), an dara mír, de

De bharr an mhéid seo a leanas:

### 1. CÚLRA

(1) An 30 Deireadh Fómhair 2026, thionscain an Coimisiún Eorpach ('an Coimisiún') ar a thionscnamh féin imscrúdú coimirce maidir le hallmhairí isteach san Aontas d'fheithiclí hibrideacha nua atá ceaptha chun daoine a iompar ('hibridí') de bhun Airteagal 5 de Rialachán (AE) 2015/478 agus Airteagal 3 de Rialachán (AE) 2015/755 ('na bunrialacháin'). D'fhoilsigh sé Fógra Tionscnaimh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* ([4]) ('an Fógra Tionscnaimh').

(2) Tionscnaíodh na himeachtaí tar éis mionanailís a dhéanamh ar an bhfaisnéis atá ar fáil don Choimisiún ó fhoinsí faisnéise margaidh phoiblí agus ó thionscal an Aontais. I bhfianaise íogaireacht na hearnála hibridí agus i bhfianaise a tábhachta straitéisí do gheilleagar an Aontais ó thaobh nuálaíochta, leictriúcháin agus fostaíochta de, agus ós rud é go bhfuil fianaise leordhóthanach ann a léiríonn go bhfuil baol ann go ndéanfaidh allmhairí hibridí mórdhíobháil do thionscal an Aontais, chinn an Coimisiún, sna himthosca speisialta sin agus i gcomhréir leis na bunrialacháin, an t-imscrúdú a thionscnamh gan iarraidh i scríbhinn a bheith faighte aige ó Bhallstát.

(3) Thug an fhaisnéis a bhí ar fáil don Choimisiún le fios freisin go raibh allmhairí ag teacht isteach san Aontas ar luas a bhí ag méadú, agus ar phraghsanna a bhí go mór faoi bhun phraghsanna thionscal an Aontais. I bhfianaise staid leochaileach thionscal an Aontais, na n-acmhainneachtaí táirgeachta móra domhanda atá ann agus tharraingteacht mhargadh an Aontais, spreag an borradh sin ar allmhairí an Coimisiún chun a mheas an bhfuil imthosca criticiúla ann lena n-éilítear bearta sealadacha a thabhairt isteach gan mhoill chun mórdhíobháil a chosc a bheadh deacair a leigheas.

(4) Leis an ngá gníomhú gan mhoill, ceanglaíodh ar an gCoimisiún a anailís a dhéanamh ar bhonn na faisnéise a bhí ar fáil ag an gcéim seo. Ní dhéanann sé sin réamhbhreith ar bhreithniú na faisnéise bhreise atá le fáil le linn an imscrúdaithe. Go háirithe, déanfaidh an Coimisiún scrúdú cuí le linn an imscrúdaithe ar fhreagraí ar an gceistneoir ó tháirgeoirí, ó allmhaireoirí agus ó dhéileálaithe de chuid an Aontais, ar aighneachtaí i scríbhinn agus ar aon fhaisnéis a chuirfear isteach i bhfeidhmiú na gceart cosanta. Beidh an deis ag páirtithe leasmhara éisteachtaí a iarraidh freisin, i gcomhréir le Roinn 3.4 den fhógra tionscnaimh.

([1]) IO L 83, 27.3.2015, lch. 16, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2015/478/oj.
([2]) IO L 123, 19.5.2015, lch. 33, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2015/755/oj.
([3]) IO L 1, 3.1.1994, lgh. 3–522, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_internation/1994/1/oj.
([4]) Fógra tionscnaimh maidir le himscrúdú coimirce i ndáil le hallmhairí feithiclí hibrideacha nua áirithe chun daoine a iompar (IO C, C/2026/5780, 30.10.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2026/5780/oj).

## 2. AN TÁIRGE LENA mBAINEANN AGUS TÁIRGÍ COMHCHOSÚLA NÓ TÁIRGÍ ATÁ IN IOMAÍOCHT DHÍREACH

(5) Is éard atá sa táirge lena mbaineann mar a shainmhínítear san fhógra tionscnaimh feithiclí hibrideacha nua áirithe, atá deartha go príomha chun naonúr nó níos lú a iompar, lena n-áirítear an tiománaí, ina bhfuil inneall loiní dócháin inmheánaigh agus mótar leictreach amháin nó níos mó araon, mar mhótair le haghaidh tiomána, gan beann ar an líon rothaí a thiomáintear, bíodh siad inluchtaithe trína gceangal le foinse sheachtrach cumhachta leictreachais nó ná bíodh, atá faoi láthair faoi chóid AC ex 8703 40 10, ex 8703 50 00, ex 8703 60 10, agus ex 8703 70 00 (cód TARIC 8703 40 10 10, 8703 40 10 90, 8703 50 00 10, 8703 60 10 10, 8703 60 10 90, 8703 70 00 10).

(6) Tá dhá chineál sa táirge lena mbaineann: feithiclí leictreacha hibrideacha nua agus feithiclí hibrideacha inluchtaithe nua. Tá inneall loiní dócháin inmheánaigh agus mótar leictreach amháin nó níos mó faoi chumhacht ceallra ag feithiclí hibrideacha inluchtaithe. Tacaíonn an t-inneall dócháin leis an mótar leictreach, agus déantar an ceallra a athluchtú go seachtrach, trí nascadh leis an eangach. Cumhachtaítear feithiclí leictreacha hibrideacha le hinneall loiní dócháin inmheánaigh ach tá mótar leictreach acu freisin a chumhachtaítear le ceallra agus a fhónann chun an gnáth-inneall a chomhlánú. Gintear a leictreachas go hinmheánach ó choscánú athghiniúnach agus ón inneall dócháin inmheánaigh. ([5]) Áirítear le feithiclí leictreacha hibrideacha feithiclí leath-hibrideacha, mar a thugtar orthu, ar feithiclí iad atá feistithe le ceallra a chuidíonn leis an inneall dócháin inmheánaigh an fheithicil a thiomáint chun feabhas a chur ar bharainneacht breosla.

(7) Feithiclí ag a bhfuil foinse cumhachta leictrí nach n-úsáidtear ach le haghaidh feidhmeanna neamhthiomána, feithiclí de chatagóir L de réir Rialachán (AE) Uimh. 168/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([6]), agus gluaisrothair, eisiatar ón imscrúdú iad.

(8) Chinn an Coimisiún go sealadach go bhfuil an táirge a tháirgeann táirgeoirí an Aontais, dá ngairtear an 'táirge comhchosúil', cosúil leis an táirge lena mbaineann nó in iomaíocht dhíreach leis. Tá na saintréithe bunúsacha fisiceacha agus teicniúla céanna ag an táirge intíre agus ag an táirge allmhairithe araon. Ionchorpraítear sa dá cheann inneall dócháin inmheánaigh in éineacht le mótar leictreach agus córas ceallra. Cé go bhféadfadh samhlacha aonair a bheith éagsúil i dtéarmaí feidhmíochta, trealaimh nó dearaidh de, ní athraíonn difríochtaí den sórt sin a gcineál bunúsach mar fheithiclí leictreacha hibrideacha nó feithiclí hibrideacha inluchtaithe. Tá cuspóirí comhionanna ag an táirge intíre agus ag an táirge allmhairithe araon, úsáidtear iad chun daoine a iompar agus, dá bhrí sin, tá an úsáid deiridh chéanna acu. Ina theannta sin, tairgtear an dá cheann trí bhealaí díolacháin comhchosúla nó comhionanna do chustaiméirí a d'fhéadfadh iad a fháil ó sholáthróirí intíre agus eachtracha araon. Dá réir sin, tá leibhéal mór iomaíochta ann idir an táirge lena mbaineann agus an táirge a tháirgeann táirgeoirí de chuid an Aontais.

## 3. TÁIRGEOIRÍ AN AONTAIS

(9) Bunaithe ar fhaisnéis mhargaidh, áirítear ar tháirgeoirí an táirge chomhchosúil san Aontas monaróirí a oibríonn faoi bhrandaí éagsúla. Déanann ACEA (Comhlachas Mhonaróirí Gluaisteán na hEorpa) ionadaíocht ar roinnt de na táirgeoirí sin de chuid an Aontais.

(10) San fhógra tionscnaimh, iarradh ar tháirgeoirí de chuid an Aontais comhoibriú leis an gCoimisiún san imscrúdú.

## 4. MÉADÚ AR ALLMHAIRÍ

(11) Ar bhonn na faisnéise ó Eurostat, rinne an Coimisiún réamhanailís ar éabhlóid allmhairí an táirge lena mbaineann le linn na tréimhse 2023-2025 agus an chéad leath de 2026. Chun inchomparáideacht le tréimhsí bliana iomlána roimhe sin a áirithiú, rinne an Coimisiún anailís freisin ar an tréimhse 12 mhí is déanaí ina raibh na 6 mhí dheireanacha de 2025 agus na chéad 6 mhí de 2026 ('Tréimhse is Déanaí').

(12) Ina mheasúnú ar an bhforbairt ar allmhairí, níor chuir an Coimisiún san áireamh na méideanna allmhairí ó thíortha áirithe ba cheart a eisiamh ó raon feidhme na mbeart sealadach, go háirithe: tíortha an Limistéir Eorpaigh Eacnamaíoch (LEE), an Chéinia agus an Úcráin. Mar gheall ar dhlúth-chomhtháthú na margaí le comhaltaí LEE agus na méideanna ísle allmhairithe ó na tíortha sin, measann an Coimisiún gur cheart na táirgí faoi mheasúnú de

([5]) https://www.acea.auto/fact/electric-vehicles/.

([6]) Rialachán (AE) Uimh. 168/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Eanáir 2013 maidir le ceadú agus le faireachas margaidh ar fheithiclí dhá nó trí roth agus cuadrothair (IO L 60, 2.3.2013, lch. 52, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2013/168/oj).

thionscnamh na hIorua, na hÍoslainne agus Lichtinstéin a eisiamh ó chur i bhfeidhm an Rialacháin seo. Eisiatar allmhairí ón gCéinia bunaithe ar an gcomhaontú déthaobhach ([7]) ([8]), agus eisiatar an Úcráin bunaithe ar an mbunrialachán coimirce a chur ar fionraí ([9]). Níor tuairiscíodh aon allmhairí ón gCéinia le linn na tréimhse faoi bhreathnú, agus bhí na hallmhairí ón Iorua, ón Íoslainn, ó Lichtinstéin agus ón Úcráin, le chéile, faoi bhun 0.01 % d'allmhairí iomlána an Aontais den táirge lena mbaineann.

(13) Is mar a leanas a tháinig forbairt ar allmhairí iomlána an táirge lena mbaineann:

*Tábla 1*

**Na hallmhairí uile i bpíosaí (bliantúil)**


| | 2023 | 2024 | 2025 | Tréimhse is Déanaí |
|---|---|---|---|---|
| Allmhairí i bpíosaí | 957 965 | 1 040 457 | 1 225 813 | 1 423 691 |
| *Innéacs (2023=100)* | *100* | *109* | *128* | *149* |

*Foinse:* Eurostat–Baineadh sonraí EUROSTAT as cóid AC 8703 40 10, 8703 50 00, 8703 60 10 agus 8703 70 00.

(14) I dtéarmaí foriomlána, tháinig méadú 9 % ar allmhairí an táirge lena mbaineann in 2024 i gcomparáid le 2023, sular tháinig borradh fúthu in 2025 (+ 28 %) agus sa Tréimhse is Déanaí (+ 49 %). Deimhnítear leis na sonraí don chéad leath de 2026 gur dócha go leanfar den táirge lena mbaineann a allmhairiú i gcainníochtaí atá méadaithe go substaintiúil. Dá bhrí sin, déantar an táirge lena mbaineann a allmhairiú i gcainníochtaí méadaithe de réir bhrí na mbunrialachán coimirce.

*Graf 1*

**Na hallmhairí uile i bpíosaí (bliantúil)**




([7]) Comhaontú maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch.

([8]) Comhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Céinia de pháirt amháin, agus Poblacht na Céinia, Comhalta de Chomhphobal na hAfraice Thoir, den pháirt eile (IO L, 2024/1648, 1.7.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_internation/2024/1648/oj).

([9]) Rialachán (AE) 2025/1153 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Meitheamh 2025 lena gcuirtear ar fionraí forálacha áirithe de Rialachán (AE) 2015/478 a mhéid a bhaineann le hallmhairiú táirgí ón Úcráin isteach san Aontas, (IO L, 2025/1153, 5.6.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2025/1153/oj).

(15) I dTábla 2, déantar miondealú ar allmhairí de réir tíre tionscnaimh. Is í Daon-Phoblacht na Síne ('an tSín') an t-onnmhaireoir feithiclí hibrideacha nua is mó chuig an Aontas faoi láthair, agus tá borradh faoi allmhairí ón tSín ó 2024. Léiríonn staitisticí allmhairiúcháin gur tháinig méadú beagnach 1 000 % ar allmhairí ón tSín sa Tréimhse is Déanaí i gcomparáid le 2023. Is iad allmhairí ón tSín, in éineacht le Maracó agus an tSeirbia, na foinsí allmhairí feithiclí hibrideacha nua is tapúla fás. Tháinig méadú seasta ar allmhairí ón Tuirc agus ó Mheicsiceo freisin. Os a choinne sin, d'fhan allmhairí ó thionscnaimh eile réasúnta cobhsaí nó tháinig laghdú orthu.

*Tábla 2*

**Na hallmhairí uile i bpíosaí de réir tionscnaimh (bliantúil)**

| | 2023 | 2024 | 2025 | Tréimhse is Déanaí |
|---|---|---|---|---|
| an tSín | 46 001 | 106 542 | 302 403 | 486 582 |
| *Innéacs (2023=100)* | *100* | *232* | *657* | *1 058* |
| an tSeapáin | 268 611 | 305 240 | 269 459 | 256 898 |
| *Innéacs (2023=100)* | *100* | *114* | *100* | *96* |
| an Tuirc | 177 074 | 185 194 | 199 182 | 207 454 |
| *Innéacs (2023=100)* | *100* | *105* | *112* | *117* |
| an Ríocht Aontaithe | 225 101 | 193 914 | 166 200 | 147 058 |
| *Innéacs (2023=100)* | *100* | *86* | *74* | *65* |
| an Chóiré Theas | 104 668 | 124 741 | 107 104 | 99 081 |
| *Innéacs (2023=100)* | *100* | *119* | *102* | *95* |
| Meicsiceo | 57 264 | 50 973 | 54 802 | 63 980 |
| *Innéacs (2023=100)* | *100* | *89* | *96* | *112* |
| Maracó | 18 | 26 815 | 37 771 | 61 259 |
| *Innéacs (2023=100)* | *100* | *148 972* | *209 839* | *340 328* |
| an tSeirbia | 2 | 17 | 30 515 | 41 537 |
| *Innéacs (2023=100)* | *100* | *850* | *1 525 750* | *2 076 850* |
| an Afraic Theas | 14 313 | 5 138 | 28 757 | 31 467 |
| *Innéacs (2023=100)* | *100* | *36* | *201* | *220* |
| na Stáit Aontaithe | 64 488 | 41 586 | 29 142 | 27 674 |
| *Innéacs (2023=100)* | *100* | *64* | *45* | *43* |
| Gach ceann eile | 425 | 297 | 478 | 701 |
| *Innéacs (2023=100)* | *100* | *70* | *112* | *165* |

*Foinse:* Eurostat

(16) Léirítear i dTábla 3 allmhairí ar bhonn ráithiúil ó R3 2025 go R2 2026. Tháinig méadú seasta ar allmhairí gach ráithe, rud a léiríonn go raibh an fás comhsheasmhach ar fud na Tréimhse is Déanaí, agus tháinig méadú ar allmhairí i ngach ráithe as a chéile, rud a léiríonn treocht leanúnach aníos seachas méadú aonuaire.

*Tábla 3*

**Na hallmhairí uile i bpíosaí (ráithiúil)**

| | 2025 R3 | 2025 R4 | 2026 R1 | 2026 R2 |
|---|---|---|---|---|
| Allmhairí i bpíosaí | 319 256 | 355 287 | 367 428 | 381 720 |
| *Innéacs (2025 R3 =100)* | *100* | *111* | *115* | *120* |

*Foinse:* Eurostat

(17) Léirítear i dTábla 4 na hallmhairí de réir tíre tionscnaimh ar bhonn ráithiúil le linn na Tréimhse is Déanaí (ó R3 de 2025 go R2 de 2026). Tháinig méadú comhsheasmhach ar allmhairí ón tSín ar fud na Tréimhse is Déanaí, agus tháinig méadú orthu gach ráithe i ndiaidh a chéile. Tháinig méadú seasta ar allmhairí ó Mharacó le linn na chéad trí ráithe den Tréimhse is Déanaí, ach níor leanadh leis an treocht aníos sin sa cheathrú ráithe. Mar sin féin, d'fhan allmhairí 112 % níos airde sa cheathrú ráithe ná sa chéad ráithe den Tréimhse is Déanaí. Tháinig méadú mór ar allmhairí ón Tuirc sa dara ráithe den Tréimhse is Déanaí, sular tháinig laghdú orthu sa ráithe ina dhiaidh sin, cé gur fhan na méideanna níos airde ná mar a bhí sa chéad ráithe. D'fhan allmhairí ó thionscnaimh eile réasúnta cobhsaí nó tháinig laghdú orthu sa Tréimhse is Déanaí.

*Tábla 4*

**Na hallmhairí uile i bpíosaí de réir tionscnaimh (ráithiúil)**

| | 2025 R3 | 2025 R4 | 2026 R1 | 2026 R2 |
|---|---|---|---|---|
| an tSín | 92 999 | 98 139 | 124 696 | 170 748 |
| *Innéacs (2025 R3 =100)* | *100* | *106* | *134* | *184* |
| an tSeapáin | 65 851 | 69 754 | 61 460 | 59 833 |
| *Innéacs (2025 R3 =100)* | *100* | *106* | *93* | *91* |
| an Tuirc | 38 664 | 69 114 | 50 240 | 49 436 |
| *Innéacs (2025 R3 =100)* | *100* | *179* | *130* | *128* |
| an Ríocht Aontaithe | 40 015 | 36 161 | 40 444 | 30 438 |
| *Innéacs (2025 R3 =100)* | *100* | *90* | *101* | *76* |
| an Chóiré Theas | 28 136 | 21 320 | 26 620 | 23 005 |
| *Innéacs (2025 R3 =100)* | *100* | *76* | *95* | *82* |
| Meicsiceo | 16 814 | 15 242 | 15 538 | 16 386 |
| *Innéacs (2025 R3 =100)* | *100* | *91* | *92* | *97* |
| Maracó | 6 329 | 14 394 | 27 135 | 13 401 |
| *Innéacs (2025 R3 =100)* | *100* | *227* | *429* | *212* |
| an tSeirbia | 10 721 | 16 330 | 9 547 | 4 939 |
| *Innéacs (2025 R3 =100)* | *100* | *152* | *89* | *46* |
| an Afraic Theas | 9 483 | 8 839 | 5 323 | 7 822 |
| *Innéacs (2025 R3 =100)* | *100* | *93* | *56* | *82* |
| na Stáit Aontaithe | 10 120 | 5 825 | 6 244 | 5 485 |
| *Innéacs (2025 R3 =100)* | *100* | *58* | *62* | *54* |
| Gach ceann eile | 124 | 169 | 181 | 227 |
| *Innéacs (2025 R3 =100)* | *100* | *136* | *146* | *183* |

*Foinse*: Eurostat

(18) Léirítear i dTábla 5 éabhlóid mhíosúil na n-allmhairí ó gach tríú tír in 2025 agus 2026. Deimhnítear leis na sonraí go dtí mí Iúil 2026 go raibh allmhairí níos airde i ngach mí ná mar a bhí i mí chomhfhreagrach na bliana roimhe sin. In 2025, lean allmhairí treocht aníos, agus tháinig méadú 4.64 % ar an meán orthu gach mí. In 2026, d'éirigh an treocht sin níos suntasaí, le meánmhéadú míosúil 9.33 %. I gcomparáid leis an tréimhse chéanna in 2025, tháinig méadú 39.5 % ar mhéid na n-allmhairí sa chéad 7 mí de 2026.

*Tábla 5*


**Na hallmhairí uile i bpíosaí (míosúil)**

| Mí / Bliain | 2025 | 2026 |
|---|---|---|
| Eanáir | 88 670 | 103 429 |
| Feabhra | 82 225 | 107 816 |
| Márta | 91 489 | 156 183 |
| Aibreán | 98 453 | 121 459 |
| Bealtaine | 88 769 | 121 334 |
| Meitheamh | 101 664 | 138 927 |
| Iúil | 100 224 | 159 388 |
| Lúnasa | 105 656 | |
| Meán Fómhair | 113 376 | |
| Deireadh Fómhair | 110 024 | |
| Samhain | 107 002 | |
| Nollaig | 138 261 | |
| *Foinse:* EUROSTAT | | |

(19) Mar a léirítear i nGraf 2 thíos, léiríonn an cuar allmhairiúcháin míosúil agus an treochtlíne iltéarmach chomhfhreagrach araon athrú soiléir ar an bhfána ó dheireadh 2025 ar aghaidh, agus an fhána ag éirí i bhfad níos géire.

*Graf 2*

**Éabhlóid na n-allmhairí míosúla sna blianta 2025 agus 2026**



5. **FORBAIRTÍ GAN CHOINNE**

(20) Tháinig an Coimisiún ar an réamhchonclúid go bhfuil an méadú ar allmhairí mar thoradh ar fhorbairtí gan choinne a bhfuil a bhfoinse i roinnt tosca is cúis le míchothromaíochtaí i dtrádáil idirnáisiúnta an táirge lena mbaineann.

(21) Ar an gcéad dul síos, is saintréith de thionscal domhanda na ngluaisteán táirgeacht feithiclí leictreacha atá ag fás go tapa, lena n-áirítear an táirge lena mbaineann, agus acmhainneacht mhonaraíochta, go háirithe sa tSín, áit ar thacaigh beartais thionsclaíocha, pleananna 5 bliana, agus cláir tacaíochta rialtais eile leis an leathnú tapa acmhainneachta sin ([10]). Ní fhéadfaí é sin a thuar go réasúnta tráth chaibidlíocht ábhartha taraife EDT ná tráth a chomhaontaigh an tAontas aontachas na Síne le EDT ([11]). Meastar i réamhaisnéis ó Mobility Global maidir le hacmhainneacht ghinearálta gléasraí sa tSín, sa Tuirc, sa Chóiré, sa tSeapáin agus sa Ríocht Aontaithe go leanfaidh an treocht aníos ó thaobh acmhainneachta de idir 2026 agus 2033, arna spreagadh go príomha ag na méaduithe acmhainneachta sa tSín (Tábla 16).

(22) An tráth céanna, tá mórmhargaí onnmhairiúcháin ag dúnadh mar thoradh ar chleachtais shriantacha trádála atá ag dul i méid a dhéanann difear d'fheithiclí leictreacha, agus don táirge lena mbaineann freisin. Go háirithe, cuireann na Stáit Aontaithe bacainní móra ar allmhairí i bhfeidhm, lena n-áirítear dleachtanna Roinn 301 de 100 % ar fheithiclí hibrideacha inluchtaithe a mhonaraítear sa tSín sa bhreis ar dhleachtanna NBF de 2.5 %, chomh maith le ceanglais a bhaineann le hábhar áitiúil, agus dleachtanna Roinn 232 25 % ar allmhairí de gach tionscnamh eile. Coinníonn margaí móra eile, lena n-áirítear Ceanada agus an Tuirc, bacainní taraife substaintiúla ar bun freisin. Coinníonn Ceanada cuóta 49 000 feithicil in aghaidh na bliana ar ghluaisteáin paisinéirí leictreacha ón tSín, lena n-áirítear feithiclí hibrideacha áirithe, ar ráta taraife 6.1 % an náisiúin barrfhabhair. Coinníonn an Tuirc dleacht chustaim bhreise 40 % ar ghluaisteáin paisinéirí de thionscnamh na Síne faoi láthair, lena n-áirítear feithiclí hibrideacha inluchtaithe áirithe. Os a choinne sin, tá margadh an Aontais fós réasúnta oscailte (10 % NBF). Maidir leis na bearta sriantacha trádála sin, a fhágann gur ceann scríbe onnmhairiúcháin tarraingteach é an tAontas, ní fhéadfaí iad a thuar go réasúnta tráth chaibidlíocht ábhartha EDT maidir le taraifí.

(23) Tar éis an imscrúdaithe frith-fhóirdheontais ar fheithiclí ceallra-leictreacha ón tSín, thug an tAontas dleachtanna breise isteach i bhfoirm bearta frithchúitimh. Tháinig bearta sealadacha i bhfeidhm an 4 Iúil 2024, agus tháinig bearta cinntitheacha i bhfeidhm an 30 Deireadh Fómhair 2024. Tá na dleachtanna frithchúitimh idir 17 % le haghaidh BYD agus 35,3 % le haghaidh SAIC agus táirgeoirí neamh-chomhoibríocha eile. Mar thoradh air sin, d'éirigh margadh an Aontais d'onnmhairí feithiclí leictreacha na Síne níos srianta. Sular forchuireadh bearta, lean allmhairí feithiclí ceallra-leictreacha isteach san Aontas treocht mhór shoiléir aníos, ag méadú bliain ar bhliain (féach Tábla 6).

*Tábla 6*

**–Allmhairí feithiclí ceallra-leictreacha de thionscnamh na Síne isteach san Aontas**

| | 2020 | 2021 | 2022 | 2023 | 2024 | 2025 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Allmhairí feithiclí ceallra-leictreacha i bpíosaí | 21 243 | 134 952 | 256 712 | 413 071 | 438 396 | 430 721 |
| *Innéacs (2020=100)* | *100* | *635* | *1 208* | *1 945* | *2 064* | *2 028* |
| Δ% i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin | | 535 | 90 | 61 | 6 | - 2 |

*Foinse*: Sonraí custaim Eurostat agus na mBallstát.


(24) Tar éis do na bearta teacht i bhfeidhm, tháinig deireadh leis an treocht aníos sin agus chobhsaigh allmhairí, agus tháinig borradh faoi allmhairí feithiclí hibrideacha nua. Tá na treochtaí codarsnachta le feiceáil i nGraf 3, rud a léiríonn athrú soiléir ar phatrún na n-allmhairí ó fheithiclí ceallra-leictreacha i dtreo feithiclí hibrideacha nua.

([10]) Pléitear beartais rialtais, pleananna 5 bliana agus cláir thacaíochta d'fheithiclí nuafhuinnimh (NEVanna), lena n-áirítear feithiclí hibrideacha inluchtaithe, go mion i Ranna 3.1 agus 3.2 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1866 ón gCoimisiún an 3 Iúil 2024 lena bhforchuirtear dleacht frithchúitimh shealadach ar allmhairí feithiclí ceallra-leictreacha nua atá deartha chun daoine a iompar, de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne (IO L, 2024/1866, 4.7.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2024/1866/oj) agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2754 ón gCoimisiún lena bhforchuirtear dleacht frithchúitimh chinntitheach ar allmhairí feithiclí ceallra-leictreacha nua atá deartha chun daoine a iompar, de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne (IO L, 2024/2754, 29.10.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2024/2754/oj).

([11]) Mar a dheimhnigh an painéal United States – Safeguard Measure on Imports of Crystalline Silicon Photovoltaic Products – Report of the Panel.

*Graf 3*

**An fhorbairt ar allmhairí hibridí ón tSín**




(25) Bhíothas in ann an t-athrú tapa sin a dhéanamh mar gheall ar an leibhéal ard solúbthachta laistigh de chórais táirgthe na monaróirí ([12]). Oibríonn go leor acu línte táirgthe atá in ann gléasraí cumhachta éagsúla a tháirgeadh, rud a chiallaíonn nach gá i gcónaí saoráidí monaraíochta nua a fhorbairt chun táirgeadh feithiclí hibrideacha a leathnú. Mar thoradh air sin, is féidir le monaróirí aistriú chuig táirgeadh feithiclí hibrideacha go measartha éasca. Cé go raibh sé i gceist leis na bearta frithchúitimh faoiseamh a thabhairt do thionscal an Aontais ó iomaíocht éagórach mar gheall ar chláir thacaíochta an rialtais d'fheithiclí ceallra-leictreacha sa tSín, chruthaigh siad dreasacht freisin do mhonaróirí na Síne onnmhairí feithiclí hibrideacha nach raibh faoi réir dleachtanna breise a leathnú.

(26) I bhfianaise na n-imthosca sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid shealadach ní hamháin gur tháinig méadú substaintiúil ar allmhairí feithiclí hibrideacha isteach san Aontas mar thoradh ar na forbairtí gan choinne sin, ach go leanfaidh siad de mhéadú substaintiúil a spreagadh freisin.

## 6. OIBLEAGÁIDÍ A RAIBH MÉADÚ AR ALLMHAIRÍ MAR THORADH ORTHU

(27) Tháinig an Coimisiún ar an réamhchonclúid gur toradh é an méadú ar allmhairí an táirge lena mbaineann ar oibleagáidí a ghlac an tAontas Eorpach air féin faoi CGTT 1994, go háirithe na lamháltais taraife a deonaíodh ar na línte taraife ábhartha i mbabhtaí caibidlíochta iltaobhacha trádála roimhe seo.

(28) Tá roinnt línte taraife sa táirge lena mbaineann agus ar na línte taraife sin uile, tá gealltanais taraife 10 % *ad valorem* ag an Aontas Eorpach.

(29) Tá na lamháltais sin inscríofa faoi láthair i gCuid I, Roinn II de Sceideal Lamháltas agus Gealltanas an Aontais Eorpaigh, atá deimhnithe mar Sceideal AE CLXXIII – an tAontas Eorpach an 1 Nollaig 2016 ([13]), arna leasú.

([12]) Féach mar shampla https://www.globaltimes.cn/page/202608/1369156.shtml agus https://www.morningstar.com/news/pr-newswire/20260830cn36586/global-times-how-full-chain-innovation-new-production-models-power-the-rise-of-chinese-car-brands.

([13]) Doiciméad EDT, WT/Let/1220.

(30) Mar thoradh ar na lamháltais sin atá inscríofa i Sceideal Lamháltas agus Gealltanas an Aontais Eorpaigh, atá i gceangal le CGTT agus a ionchorpraítear de bhun Airteagal II:7 de CGTT 1994 agus mar thoradh ar chodanna eile de CGTT 1994, tá oibleagáidí tabhaithe ag an Aontas Eorpach faoi CGTT 1994, go háirithe mar a leanas: Airteagal XI:1, lena dtoirmisctear srianta neamhtharaife ar allmhairiú na dtáirgí lena mbaineann, agus, go tábhachtach, Airteagal II:1(a) agus Airteagal II:1(b), an chéad abairt agus an dara habairt, de CGTT 1994. Faoi Airteagal II:1(b), an chéad abairt, ní cheadaítear don Aontas, in éagmais eisceacht infheidhme, gnáthdhleachtanna custaim a fhorchur ar an táirge lena mbaineann de bhreis ar na cinn a leagtar amach agus a fhoráiltear sa chuid ábhartha de Sceideal Lamháltas agus Gealltanas an Aontais. Thairis sin, bhí taraif allmhairiúcháin an Aontais a cuireadh i bhfeidhm ar an táirge lena mbaineann, ar a dtugtar taraifí an náisiúin barrfhabhair freisin, tráth an imscrúdaithe, ar na huasleibhéil a cheadaítear faoi na gealltanais taraife a léirítear thuas.

(31) Bhí an táirge lena mbaineann á allmhairiú i gcainníochtaí méadaithe mar thoradh ar na hoibleagáidí thuas a ghlac an tAontas Eorpach air féin faoi CGTT 1994 ([14]), toisc gur fheabhsaigh agus gur dhaingnigh na hoibleagáidí sin, in éineacht le lamháltais taraife an Aontais Eorpaigh, na coinníollacha maidir le rochtain ar an margadh le haghaidh allmhairí feithiclí hibrideacha nua chuig margadh an Aontais. Leis na gealltanais taraife thuasluaite, ní thugtar aon saoirse don Aontas Eorpach gnáthdhleachtanna custaim a mhéadú ach oiread. Ag an am céanna, míníonn sé sin an chaoi ar tháinig méadú ar allmhairí de thoradh na n-oibleagáidí atá i gceist a bhfuil an baol ann go ndéanfaidís mórdhíobháil.

(32) Na hoibleagáidí CGTT a sonraíodh, chuir siad cosc ar an Aontas an tráth céanna na dleachtanna allmhairiúcháin a chuirtear i bhfeidhm ar an táirge atá i gceist a mhéadú. Dá bhrí sin, ba iad sin 'oibleagáidí an Aontais Eorpaigh faoi CGTT 1994 a chuir/a chuireann srian ar a chumas díobháil ó mhéadú ar allmhairí a chosc nó a leigheas'. I gcomhthráth, chuir/cuireann an tAontas Eorpach 'na hoibleagáidí sin ar fionraí mar gheall' ar a bheart coimirce

## 7. BAGAIRT MÓRDHÍOBHÁLA

### 7.1. Staid tháirgeoirí an Aontais

(33) Chun a mheas an bhfuil mórdhíobháil nó bagairt mórdhíobhála ann do tháirgeoirí an táirge lena mbaineann san Aontas, tá scrúdú déanta ag an gCoimisiún, i gcomhréir le hAirteagal 9 de Rialachán (AE) 2015/478 agus le hAirteagal 6 de Rialachán (AE) 2015/755, ar na treochtaí maidir le tomhaltas, táirgeacht, úsáid acmhainneachta, díolacháin, sciar den mhargadh, praghsanna, cumas tuillimh, fostaíocht agus onnmhairí an táirge lena mbaineann do na blianta 2023 chuig an Tréimhse is Déanaí ('an tréimhse faoi bhreathnú').

(34) Is mar a leanas a tháinig forbairt ar an táirgeacht, ar an acmhainneacht táirgeachta agus ar an úsáid acmhainneachta:

*Tábla 7*

**Táirgeacht, acmhainneacht táirgeachta agus úsáid acmhainneachta**

| | 2023 | 2024 | 2025 | Tréimhse is Déanaí |
|---|---|---|---|---|
| Táirgeacht (i bpíosaí) | 4 065 576 | 4 712 178 | 5 562 965 | 5 667 859 |
| *Innéacs (2023=100)* | *100* | *116* | *137* | *139* |
| An acmhainneacht táirgeachta (i bpíosaí) | 6 420 013 | 7 583 462 | 9 000 898 | 9 317 209 |
| *Innéacs (2023=100)* | *100* | *118* | *140* | *145* |
| Úsáid acmhainneachta (%) | 63 | 62 | 62 | 61 |
| *Innéacs (2023=100)* | *100* | *98* | *98* | *96* |

*Foinse:* Mobility Global.

(35) Tháinig méadú ar tháirgeacht agus ar acmhainneacht táirgeachta thionscal an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Mar sin féin, tháinig moill ar luas an mhéadaithe sin i dtreo dheireadh na tréimhse faoi bhreathnú, ós rud é nach raibh an méadú sa Tréimhse is Déanaí chomh suntasach céanna leis an méadú sna blianta roimhe sin. An tráth céanna, d'ainneoin an mhéadaithe ar an táirgeacht le blianta beaga anuas, d'fhan an úsáid acmhainneachta íseal, ní raibh i gceist ach thart ar 62 % ar an meán le 4 bliana anuas.

([14]) Airteagal XI:1, Airteagal II:1(a) agus Airteagal II:1(b), an chéad abairt agus an dara habairt, de CGTT 1994.

(36) Tháinig forbairt ar thomhaltas an Aontais, atá bunaithe ar an líon clárúchán don táirge lena mbaineann arna thuairisciú ag Comhlachas Mhonaróirí Gluaisteán na hEorpa ('ACEA'), mar a leanas:

*Tábla 8*

**Tomhaltas an Aontais, díolacháin intíre agus an sciar den mhargadh**

| | 2023 | 2024 | 2025 | Tréimhse is Déanaí |
|---|---|---|---|---|
| Tomhaltas (i bpíosaí) | 3 530 443 | 4 047 806 | 4 749 212 | 5 113 654 |
| *Innéacs (2023=100)* | *100* | *115* | *135* | *145* |
| Díolacháin intíre (i bpíosaí) | 2 572 451 | 3 007 313 | 3 523 010 | 3 689 630 |
| *Innéacs (2023=100)* | *100* | *117* | *137* | *143* |
| An sciar den mhargadh atá ag táirgeoirí an Aontais | 73 | 74 | 74 | 72 |
| *Innéacs (2023=100)* | *100* | *102* | *102* | *99* |
| Sciar den mhargadh ag allmhairí | 27 | 26 | 26 | 28 |
| *Innéacs (2023=100)* | *100* | *96* | *96* | *104* |

*Foinse:* Mobility Global agus ACEA

(37) Tháinig méadú seasta ar thomhaltas an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú, agus tháinig méadú 45 % air le linn na Tréimhse is Déanaí i gcomparáid le 2023. Léiríonn sé sin gur margadh atá ag fás go tapa san Aontas Eorpach é an margadh le haghaidh hibridí. Tháinig méadú freisin ar dhíolacháin intíre tháirgeoirí an Aontais le linn na tréimhse céanna. Bhain táirgeoirí an Aontais tairbhe ar dtús as an bhfás leanúnach ar thomhaltas, ach tháinig deireadh leis an treocht dhearfach sin sa Tréimhse is Déanaí. Cé gur lean tomhaltas an Aontais de bheith ag méadú, tháinig laghdú 2 phointe céatadáin ar an sciar den mhargadh a bhí ag táirgeoirí an Aontais idir 2025 agus an Tréimhse is Déanaí. I margadh atá ag fás, bheadh coinne leis de ghnáth go gcoinneodh táirgeoirí de chuid an Aontais a sciar den mhargadh ar a laghad. D'fhág an laghdú ar an sciar den mhargadh idir 2025 agus an Tréimhse is Déanaí gur tharla an laghdú sin le linn na chéad 6 mhí de 2026. Cé nach bhfuil sonraí na bliana iomláine le haghaidh 2026 ar fáil go fóill, dá leanfaí den treocht a breathnaíodh sna chéad 6 mhí, mar a bhí le feiceáil cheana féin ag an líon aonad ab airde riamh a allmhairíodh i mí Iúil 2026, thiocfadh laghdú níos mó ná 2 phointe céatadáin ar an sciar den mhargadh le linn na bliana iomláine.

(38) Lean an Coimisiún d'anailís mhionsonraithe a dhéanamh chun measúnú a dhéanamh ar leibhéal praghsanna na bhfeithiclí leictreacha hibrideacha nua allmhairithe i gcomparáid le praghsanna na bhfeithiclí sin a tháirgtear san Aontas.

(39) I bhfianaise éagsúlacht leathan na samhlacha d'fheithiclí leictreacha hibrideacha nua a allmhairítear isteach san Aontas, agus chun a áirithiú go bhfuil an anailís bunaithe ar shamhlacha inchomparáide, rinneadh comparáid praghsanna le haghaidh ceithre chatagóir ([15]). Comhfhreagraíonn na ceithre chatagóir a roghnaíodh le haghaidh na comparáide do chatagóirí B, B-SUV, C-SUV agus D-SUV, agus tá méideanna móra ionadaíocha feithiclí allmhairithe chuig an Aontas i gceist leo. Táirgeann táirgeoirí an Aontais na samhlacha sin agus allmhairítear isteach san Aontas iad araon, rud a fhágann gur féidir praghsanna na samhlacha a tháirgtear san Aontas agus a allmhairítear a chur i gcomparáid go díreach.

([15]) Is féidir feithiclí paisinéirí a roinnt ina ndeighleoga caighdeánacha Eorpacha aicmithe feithiclí, ina ngrúpáiltear gluaisteáin agus feithiclí fóntais spóirt (SUVanna) de réir a méide, a dtoisí seachtracha agus na húsáide atá beartaithe don mhargadh. Féach freisin https://alternative-fuels-observatory.ec.europa.eu/general-information/vehicle-types.

(40) Rinne an Coimisiún an anailís ar phraghsanna bunaithe ar na sonraí ó Marklines ([16]), ar tairseach thionscal na ngluaisteán é. Rinne an Coimisiún anailís ar na tairiscintí praghais do thomhaltóirí (gan lascainí a comhaontaíodh idir na páirtithe a áireamh) ó na príomhchuideachtaí allmhairiúcháin le haghaidh samhlacha a tháirgtear sna tíortha onnmhairiúcháin, chomh maith le samhlacha inchomparáide arna monarú ag tionscal an Aontais. Rinneadh measúnú ar na tairiscintí praghsanna de réir na gcineálacha samhla don leagan bunúsach. Baineann na tairiscintí praghais uile a scrúdaíodh leis an gcéad leath de 2026 agus, dá bhrí sin, léiríonn siad an tréimhse is déanaí.

*Tábla 9*

**Praghsanna allmhairiúcháin ó gach tríú tír agus an difríocht idir na praghsanna sin agus praghsanna an Aontais**

| Táirge | Cainníochtaí allmhairithe in aonaid | Meánphraghas allmhairiúcháin in EUR | Meánphraghas an Aontais in EUR | Difríocht i bpraghsanna in EUR | Difríocht iomlán sa phraghas in EUR | Láimhdeachas hipitéiseach in EUR | Difríocht sa phraghas mar % |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| B | 30 475 | 19 748 | 24 396 | 4 648 | 141 644 318 | 743 473 678 | 19.1% |
| SUV B | 35 165 | 19 282 | 27 065 | 7 784 | 273 710 609 | 951 753 459 | 28.8% |
| SUV C | 100 352 | 30 107 | 39 004 | 8 897 | 892 820 758 | 3 914 099 859 | 22.8% |
| SUV D | 37 604 | 46 777 | 48 124 | 1 347 | 50 655 362 | 1 809 649 582 | 2.8% |
| Iomlán | 203 596 | | | | 1 358 831 046 | 7 418 976 578 | 18.3% |

*Foinse:* Eurostat agus Marklines, Táirge: Bunsamhail don bhliain 2026.

(41) Rinne an Coimisiún an anailís ar phraghsanna ar 25 shamhail allmhairithe agus ar 29 samhail arna monarú ag tionscal an Aontais laistigh de na ceithre chatagóir, lena gcumhdaítear os cionn 200 000 píosa allmhairithe. Léirigh na comparáidí praghsanna difríocht mhór sa phraghas idir na praghsanna allmhairiúcháin ó na tíortha onnmhairiúcháin uile agus praghsanna thionscal an Aontais. Tá na praghsanna allmhairiúcháin thart ar 18 % níos ísle ná praghsanna tháirgeoirí an Aontais.

(42) Tugann na comparáidí praghsanna sin míniú ar an gcaoi arbh fhéidir leis na samhlacha onnmhairithe dul i bhfód níos mó ar mhargadh an Aontais ar chostas thionscal an Aontais.

(43) I dtéarmaí cumas tuillimh, rinneadh measúnú ar an gcumas tuillimh ar bhonn sonraí lenar cumhdaíodh cion mór de tháirgeoirí feithiclí hibrideacha de chuid an Aontais, arna n-ualú chun difríochtaí i méideanna díolachán a chur san áireamh. Léiríonn na sonraí innéacsaithe a leagtar amach i dTáblaí 10 agus 11 meath leanúnach ar chumas tuillimh thionscal an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú.

*Tábla 10*

**Éabhlóid an chumais tuillimh (bliantúil)**

| | 2023 | 2024 | 2025 | Tréimhse is Déanaí |
|---|---|---|---|---|
| *Cumas tuillimh (2023 = 100)* | *100* | *51* | *41* | *43* |

*Foinse:* Táirgeoirí de chuid an Aontais, sonraí ualaithe chun difríochtaí i méideanna díolachán a chur san áireamh.

([16]) https://www.marklines.com/.

*Tábla 11*

**Éabhlóid an chumais tuillimh (ráithiúil)**

| | 2025R3 | 2025R4 | 2026R1 | 2026R2 |
|---|---|---|---|---|
| *Cumas tuillimh (2025 R3 = 100)* | *100* | *90* | *34* | *57* |

*Foinse:* Táirgeoirí de chuid an Aontais, sonraí ualaithe chun difríochtaí i méideanna díolachán a chur san áireamh.

(44) Ar bhonn bliantúil, tháinig laghdú 57 % ar an gcumas tuillimh idir 2023 agus an Tréimhse is Déanaí. Mar thoradh air sin, sa Tréimhse is Déanaí, níor shroich tionscal an Aontais ach dhá thrian den bhrabús íosta ar an meán a mbeadh gá leis de ghnáth chun inmharthanacht airgeadais fhadtéarmach ghnó a bhfeithiclí hibrideacha a áirithiú. Deimhnítear le sonraí ráithiúla gur leanadh den treocht dhiúltach sin agus gur treisíodh í sa Tréimhse is Déanaí. Léiríonn sé sin lagú mór ar fheidhmíocht airgeadais thionscal an Aontais, thar thréimhse níos faide agus sna ráithí is déanaí araon. Cé nach bhfuil sonraí na bliana iomláine le haghaidh 2026 ar fáil go fóill, dá leanfaí leis an treocht a breathnaíodh sna chéad 6 mhí, léireofaí meath breise ar chumas tuillimh le linn 2026.

(45) I dtéarmaí fostaíochta, níl miondealú de réir teicneolaíocht gléasra cumhachta i bhfigiúirí fostaíochta ó ACEA. Mar sin féin, tugann staidéir déine fostaíochta léiriú ar an lucht saothair is gá chun cineálacha éagsúla feithiclí a mhonarú ([17]).

(46) Meastar in anailís Syndex ([18]) go dteastaíonn thart ar 17,2 post coibhéiseach lánaimseartha (FTE) in aghaidh gach 1 000 feithicil chun feithicil leath–hibrideach a tháirgeadh, i gcomparáid le 17,4 FTE le haghaidh feithicil hibrideach inluchtaithe. Baineann na meastacháin sin go sonrach leis an bhFrainc agus ní chuireann siad feithiclí leictreacha hibrideacha san áireamh ar leithligh, cé go n-áirítear feithiclí leath-hibrideacha sa chatagóir níos leithne feithiclí leictreacha hibrideacha.

(47) Ós rud é go bhfuil an déine fostaíochta mheasta cosúil a bheag nó a mhór le haghaidh feithiclí leath-hibrideacha agus feithiclí hibrideacha inluchtaithe ag 17,2 agus 17,4 FTE in aghaidh 1 000 feithicil faoi seach, úsáidtear meándéine fostaíochta 17,3 FTE in aghaidh 1 000 feithicil mar athróg ionadach chun meastachán a dhéanamh ar an bhfostaíocht a bhaineann le táirgeadh feithiclí hibrideacha nua.

(48) Cé gur meastacháin thírshonracha iad na meastacháin bhunúsacha fostaíochta, cuireann siad bonn réasúnta ar fáil chun figiúirí fostaíochta a eachtarshuí ar fud an Aontais Eorpaigh. Braitheann an earnáil mótarfheithiclí san Aontas ar phróisis agus ar theicneolaíochtaí monaraíochta atá inchomparáide den chuid is mó.

(49) Is é an toradh a bhíonn ar an innéacs fostaíochta sin a chur i bhfeidhm maidir leis na figiúirí táirgeachta feithiclí hibrideacha a chuirtear i láthair i *dTábla* 12 ná na FTEnna measta seo a leanas a bhaineann le táirgeadh feithiclí hibrideacha nua:

*Tábla 12*

**Fostaíocht**

| | 2023 | 2024 | 2025 | Tréimhse is Déanaí |
|---|---|---|---|---|
| Fostaíocht | 27 837 | 28 474 | 33 622 | 33 816 |
| *Innéacs (2023=100)* | *100* | *102* | *121* | *121* |

*Foinse:* Syndex.

([17]) Galgóczi, B. (Ed.), *On the Way to Electromobility-a Green (er) But More Unequal Future?* ETUI, 2023.
([18]) Féach an staidéar thuas.

(50) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar onnmhairí:

*Tábla 13*

**Onnmhairí**

| | 2023 | 2024 | 2025 | Tréimhse is Déanaí |
|---|---|---|---|---|
| Díolacháin onnmhairí de réir méide (píosaí) | 893 507 | 847 220 | 938 164 | 925 635 |
| *Innéacs (2023=100)* | *100* | *95* | *105* | *104* |
| Praghas onnmhairiúcháin (EUR in aghaidh an phíosa) | 35 929 | 35 615 | 36 986 | 34 096 |
| *Innéacs (2023=100)* | *100* | *99* | *103* | *95* |

*Foinse:* Eurostat.

(51) D'fhan onnmhairí tháirgeoirí an Aontais réasúnta cobhsaí le linn na tréimhse faoi bhreathnú, cé is moite de 2025. Tháinig laghdú ar phraghsanna onnmhairiúcháin in 2023, agus tháinig méadú beag orthu ina dhiaidh sin, sular tháinig laghdú orthu arís le linn na Tréimhse is Déanaí.

### 7.2. **Bagairt mórdhíobhála**

(52) Tháinig an Coimisiún ar an gconclúid shealadach nach léiríonn staid thionscal an Aontais go fóill gur ann do mhórdhíobháil arb iad na hallmhairí atá ag dul i méid is cúis léi. Mar sin féin, mheas an Coimisiún go bhfuil an tionscal i staid leochaileach agus go bhfuil bagairt mórdhíobhála ann, i bhfianaise na dtáscairí eacnamaíocha atá ag dul in olcas a chuirtear i láthair i Roinn 7.1, an mhéadaithe mhóir, atá ag luasghéarú, ar allmhairí ar phraghas íseal, na n-athstruchtúruithe atá beartaithe laistigh de thionscal an Aontais, agus na hacmhainneachta móire táirgeachta atá ar fáil ar fud an domhain.

*Táscairí eacnamaíocha atá ag meath*

(53) Léiríodh san anailís roimhe seo, sa tréimhse is déanaí, gur tháinig táirgeoirí an Aontais faoi bhrú méadaitheach i dtéarmaí sciar den mhargadh, úsáid acmhainneachta, cumas tuillimh agus praghsanna. D'ainneoin méadú mór ar thomhaltas an Aontais, tháinig laghdú 2 phointe céatadáin ([19]) ar an sciar den mhargadh a bhí ag táirgeoirí an Aontais idir 2025 agus an Tréimhse is Déanaí, agus d'fhan an úsáid acmhainneachta íseal i gcónaí, idir 61 % agus 63 % le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Mar thoradh ar rátaí ísle úsáide na ngléasraí, bhí costais sheasta níos airde ann do tháirgeoirí an Aontais i gcás ina raibh coinne acu, le réasún, go méadódh siad an táirgeacht agus go laghdódh siad costas seasta an táirgthe. Is cúis imní ar leith é an sciar den mhargadh a chaillfear tráth a cheanglaítear ar mhonaróirí an Aontais infheistíochtaí substaintiúla a dhéanamh i bhforbairt samhlacha agus teicneolaíochtaí nua mar chuid den aistriú i dtreo an leictrithe.


(54) An tráth céanna, tháinig borradh faoi na hallmhairí, agus bhí praghsanna allmhairiúcháin 18 % ar an meán faoi bhun phraghsanna thionscal an Aontais agus tháinig meath leanúnach ar chumas tuillimh thionscal an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Léirigh an fhianaise charnach sin go soiléir nach raibh tionscal an Aontais in ann tairbhiú d'fhás an mhargaidh, toisc gur ghabh allmhairí ar phraghas íseal éileamh incriminteach go hionsaitheach chun dochair dhírigh d'fheidhmíocht eacnamaíoch na dtáirgeoirí intíre.

(55) Sa ghraf thíos, cuireadh éabhlóid tháscairí feidhmíochta thionscal an Aontais i gcomparáid leis an méadú ar allmhairí. Áiríodh i ngach táscaire freisin treochtlíne réamh-mheasta don chéad 2 bhliain eile, rud a léirigh an moilliú ar fhás na dtáscairí eacnamaíocha idir 2025 agus an Tréimhse is Déanaí, ach lean allmhairí ar aghaidh ag an ráta céanna.

([19]) Cé nach bhfuil sonraí na bliana iomláine le haghaidh 2026 ar fáil go fóill, dá leanfaí den treocht a breathnaíodh sna chéad 6 mhí, mar a bhí le feiceáil cheana féin ag an líon aonad ab airde riamh a allmhairíodh i mí Iúil 2026, thiocfadh laghdú níos mó ná 2 phointe céatadáin ar an sciar den mhargadh in aon bhliain amháin.

*Graf 4*

**Forbhreathnú ar threochtaí maidir le tomhaltas, táirgeacht, díolacháin agus allmhairí**




(56) B'ábhar imní é sin go háirithe i gcomhthéacs inar cheart go mbainfeadh tionscal an Aontais méideanna arda díolacháin agus ráta úsáide acmhainneachta inbhuanaithe amach ([20]), ós rud é go bhfuil costais sheasta arda agus ceanglais shubstainteacha infheistíochta is gá chun leanúint de bheith iomaíoch ina saintréithe den mhargadh sin. I dteannta a chéile, léiríonn na táscairí sin go dtiocfaidh meath ar staid eacnamaíoch thionscal an Aontais go luath amach anseo. In éineacht leis an ráta méadaithe ar allmhairí, mar a leagtar amach a thuilleadh thíos, d'fhéadfadh na forbairtí sin an tionscal a chur i staid atá ag éirí níos leochailí in éagmais beart.


*Is mór an ráta méadaithe ar allmhairí ar phraghas íseal*

(57) Léirigh éabhlóid na méideanna allmhairí (Tábla 1) le linn na tréimhse faoi bhreathnú nach amháin gur tháinig méadú ar allmhairí, ach gur tháinig méadú orthu ar luas brostaithe freisin. Cé gur tháinig méadú mór 364 442 feithicil ar thomhaltas an Aontais idir 2025 agus an Tréimhse is Déanaí, d'ionsúigh allmhairí de thionscnamh tríú tíortha os cionn leath den éileamh incriminteach sin, 54 % go sonrach. Ós rud é go raibh sciar 28 % de mhargadh an Aontais ag na tríú tíortha sin, ba léir gur táirgí allmhairithe, seachas an tionscal intíre, a bhí ag freastal den chuid is mó ar an éileamh breise a d'eascair as an méadú a tháinig le déanaí ar thomhaltas margaidh. Ina theannta sin, sa tréimhse is déanaí, tháinig allmhairí isteach sa mhargadh ar phraghsanna a bhí go mór faoi bhun phraghsanna táirgeoirí an Aontais. Chomh maith leis an bhfíoras gur chuir an difríocht sa phraghas a sainaithníodh i Roinn 7.1 brú mór ar staid eacnamaíoch thionscal an Aontais, a bhfuil a bhrabúis i staid leochaileach cheana féin, is dócha go méadóidh an difríocht sin sa phraghas an t-éileamh ar allmhairí breise.

([20]) D'fhógair roinnt táirgeoirí de chuid an Aontais cláir athstruchtúraithe arb é is aidhm dóibh acmhainneacht a laghdú chun rátaí úsáide acmhainneachta níos inbhuanaithe a bhaint amach. Féach freisin an roinn '*Athstruchtúruithe beartaithe*'.

*Graf 5*

**Ráta bliantúil méadaithe táscairí áirithe**




(58) Léirítear sa ghraf thuas innéacsanna an ráta fáis bhliantúil maidir le tomhaltas, táirgeacht, díolacháin intíre agus allmhairí. Le linn na chéad 3 bliana, tháinig fás ar thomhaltas, ar tháirgeacht agus ar dhíolacháin intíre ag meánráta beagán faoi bhun 20 %. Le linn na Tréimhse is Déanaí, áfach, tháinig laghdú mór ar an bhfás go leibhéil aondigite. Tháinig méadú i bhfad níos moille ar allmhairí ar dtús, ach faoi 2025 bhí siad tagtha suas leis na táscairí eile. Bhí ráta fáis na n-allmhairí níos mó ná ráta fáis na dtáscairí eile sa Tréimhse is Déanaí.

(59) Léirigh staitisticí allmhairiúcháin de réir tionscnaimh (Tábla 2) gur allmhairí de thionscnamh na Síne go háirithe, ach ní iad sin amháin, ba chúis leis an mborradh sin. Thug sonraí maidir le sciartha stairiúla allmhairí le fios go bhfuair allmhairí na Síne sciar den mhargadh ar dtús ar chostas tríú tíortha eile. Mar sin féin, thosaigh allmhairí Síneacha ag fáil sciar den mhargadh ar chostas thionscal an Aontais i gcaitheamh na Tréimhse is Déanaí. Meastar go leanfaidh an treocht sin ar aghaidh, agus tuartar go dtiocfaidh méadú breise ar allmhairí ar phraghas íseal. De réir Mobility Global, tháirg an tSín thart ar 7 milliún feithicil hibrideach in 2025, agus meastar go bhfuil a hacmhainneacht táirgeachta dhá oiread a táirgeachta íarbhír. Mar a léirítear i dTábla 14, meastar go leanfaidh an táirgeacht de bheith ag méadú.

*Tábla 14*

**Táirgeacht feithiclí hibrideacha sa tSín**

| | 2025 | 2026 | 2027 | 2028 | 2029 | 2030 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Táirgeacht in aonaid | 7 018 283 | 7 405 680 | 8 164 272 | 8 663 254 | 8 673 776 | 8 645 676 |
| *Innéacs (2025 = 100)* | *100* | *106* | *116* | *123* | *124* | *123* |

*Foinse:* Mobility Global. Léirítear an táirgeacht iarbhír sna figiúirí le haghaidh 2025 agus L1 2026, léirítear réamhaisnéisí Mobility Global sna figiúirí le haghaidh L2 2026-2030.

(60) Tá an leathnú sin ag tarlú d'ainneoin an t-éileamh intíre a bheith ag lagú, agus tuairiscíodh gur tháinig laghdú thart ar 20 % bliain ar bhliain ar dhíolacháin feithiclí, lena n-áirítear laghdú 26 % ar dhíolacháin feithiclí hibrideacha inluchtaithe ([21]). Mar thoradh ar an éileamh atá ag laghdú, ar an ró-acmhainneacht agus ar an dianiomaíocht intíre, tá táirgeoirí na Síne ag brath níos mó agus níos mó ar mhargaí onnmhairiúcháin. Mar a léirítear i dTábla 15, in 2025 tháinig méadú beagnach 500 % ar onnmhairí na Síne i gcomparáid le 2022. D'onnmhairigh an tSín thart ar 1,125 milliún gluaisteán hibrideach paisinéirí, a raibh 27 % díobh ceaptha don Aontas. Méadú 7 bpointe céatadáin i gcomparáid le 2024 a bhí ansin, nuair a díríodh 20 % d'onnmhairí gluaisteán hibrideach paisinéirí na Síne chuig an Aontas.

([21]) https://www.carbonbrief.org/chart-a-record-two-thirds-of-car-sales-in-china-are-now-electric-vehicles.

*Tábla 15*

**Iomlán na n-allmhairí feithiclí hibrideacha ar fud an domhain ón tSín**

| | 2023 | 2024 | 2025 |
|---|---|---|---|
| Allmhairí domhanda ón tSín (i bpíosaí) | 191 912 | 526 312 | 1 124 177 |
| *Innéacs (2023=100)* | *100* | *274* | *586* |

*Foinse:* Global Trade Atlas

(61) An tráth céanna, agus mar a mhínítear i Roinn 5, ba chosúil go raibh teorainn le hinfhaighteacht ceann scríbe onnmhairiúcháin malartach. Os a choinne sin, d'fhan margadh an Aontais oscailte go comparáideach agus, dá bhrí sin, bhí sé agus tá sé fós ina cheann scríbe onnmhairiúcháin tarraingteach ó thaobh onnmhaireoirí na Síne a raibh éileamh intíre lag agus ró-acmhainneacht os a gcomhair de.

(62) I bhfianaise an mhéadaithe mhóir thapa ar allmhairí isteach san Aontas, i bhfianaise na difríochta i bpraghsanna na n-allmhairí sin, chomh maith leis na bacainní arda ar allmhairí i margaí onnmhairiúcháin ábhartha eile, tá dóchúlacht ann go dtiocfaidh méadú substaintiúil ar allmhairí isteach san Aontas. Leis an mborradh leanúnach sin ar allmhairí ar phraghas íseal, is dócha go gcuirfear tuilleadh brú ar phraghsanna tháirgeoirí an Aontais agus go gcreimfear a ndíolacháin, a sciar den mhargadh, a gcumas tuillimh agus a dtoradh ar infheistíocht. Dá réir sin, lagódh sé sin cumas thionscal an Aontais táirgeadh a choinneáil ar bun, fostaíocht a chaomhnú agus na hinfheistíochtaí substaintiúla is gá don nuálaíocht agus don aistriú chuig leictriú a mhaoiniú. Dá bhrí sin, thacaigh an fhianaise a bhí ar fáil leis an gconclúid go raibh baol ann go ndéanfadh méid méadaitheach na n-allmhairí ar phraghas íseal mórdhíobháil do thionscal an Aontais.

*Athstruchtúruithe beartaithe*

(63) Bunaithe ar réamhanailís ar an bhFaireachlann Eorpach um Athstruchtúrú (ERM) ([22]) agus ar thuairisciú comhlántach na gcuideachtaí agus na meán, ba chosúil go raibh géarú ar ghníomhaíocht athstruchtúraithe i measc táirgeoirí gluaisteán san Aontas ó bhí 2024 ann. Dírítear san anailís thíos ar mhórtháirgeoirí gluaisteán an Aontais.

(64) I mí na Nollag 2024, gheall táirgeoir de chuid an Aontais a lucht saothair a laghdú faoi níos mó ná 35 000 fostaí ar fud a shuíomhanna sa Ghearmáin faoi 2030. ([23]) Rinneadh an figiúr sin a athbhreithniú suas ina dhiaidh sin i mí an Mhárta 2026, agus tá coinne ag an gcuideachta go gcuirfear deireadh le thart ar 50 000 post ar fud an Ghrúpa san Aontas faoi 2030 ([24]) .

(65) I mí Mheán Fómhair 2026, d'fhormheas táirgeoir an Aontais pleananna chun 50 000 post breise a laghdú ar fud an domhain. Fágann sé sin gur thart ar 100 000 post atá beartaithe ag an táirgeoir a dhíothú faoi 2030, lena gcuimsítear thart ar 50 000 post a dheimhnítear ar fud an Aontais agus 50 000 post breise ar fud an domhain, thart ar leath de na 50 000 post breise sin sa Ghearmáin. ([25]) Cé go bhfuil raon feidhme leathan ag na ciorruithe poist sin agus nach ndíríonn siad go sonrach ar tháirgeadh feithiclí leictreacha hibrideacha nó feithiclí hibrideacha inluchtaithe, tá táirgeadh feithiclí hibrideacha amach anseo faoi bhrú méadaitheach mar sin féin mar thoradh ar na fógraí athstruchtúrúcháin mórscála sin chun laghdú acmhainneachta a áirithiú. Mar shampla, tugadh le fios i bhfógra Mheán Fómhair 2026 nach bhféadfadh táirgeoir an Aontais leithdháiltí táirgeachta amach anseo a ráthú faoi láthair do ghléasraí Hannover (12 900 fhostaí), Emden (7 700 fostaí), Zwickau (8 000 fostaí) agus Audi Neckarsulm (15 500 fostaí) tar éis 2030, in aghaidh iomaíocht allmhairiúcháin atá ag dul i méid. ([26]) Tá baint ag

([22]) Déanann an Fhaireachlann Eorpach um Athstruchtúrú (ERM) rianú ar athruithe móra ar phoist agus ar fhógraí maidir le hathstruchtúrú ó mhonaróirí mótarfheithiclí ar fud an Aontais Eorpaigh, agus taifeadtar cásanna athstruchtúraithe fógartha a dhéanann difear do 100 post ar a laghad, nó 10 % den fhostaíocht i ngnólachtaí atá níos mó.

([23]) https://www.volkswagen-group.com/en/press-releases/agreement-reached-volkswagen-ag-positions-itself-competitively-for-the-future-18911.

([24]) https://annualreport2025.volkswagen-group.com/to-our-shareholders/letter-to-our-shareholders.html.

([25]) https://www.volkswagen-group.com/en/future-plan-the-next-phase-of-transformation-20510?utm_source=chatgpt.com.

([26]) https://www.semafor.com/article/09/04/2026/volkswagen-announces-record-job-cuts-amid-china-pressure agus https://www.businesstimes.com.sg/companies-markets/volkswagen-plans-slash-50000-more-jobs-amid-dire-need-reduce-costs.

gléasraí Hannover agus Neckarsulm araon le feithiclí hibrideacha nua a tháirgeadh, rud a chuireann i dtábhacht an bhagairt ar fhostaíocht a bhaineann le táirgeadh feithiclí hibrideacha nua ag na láithreáin sin. Ina theannta sin, tá roinnt línte táirgeachta san Aontas solúbtha go leor freisin chun feithiclí a bhfuil gléasraí cumhachta éagsúla acu a mhonarú, rud a chiallaíonn go mbeidh iarmhairtí ag dúnadh aon ghléasra den sórt sin ar tháirgeadh féideartha feithiclí leictreacha hibrideacha agus feithiclí hibrideacha inluchtaithe amach anseo.

(66) Thug an Coimisiún faoi deara go bhfuil sé d'aidhm ag táirgeoir eile feithiclí hibrideacha de chuid an Aontais úsáid acmhainneachta a fheabhsú go 80 % faoi 2030 trí acmhainneacht táirgeachta na hEorpa a athstruchtúrú agus a laghdú 800 000 aonad ([27]). Mar chuid den athstruchtúrú sin, tá sé beartaithe ag táirgeoir an Aontais deireadh a chur le táirgeadh feithiclí in Poissy (an Fhrainc) faoi dheireadh 2028 ar a luaithe. Áireofar leis sin táirgeadh feithiclí hibrideacha. Ina ionad sin, tá coinne leis go ndéanfar athrú cuspóra ar an láithreán le haghaidh gníomhaíochtaí lena n-áirítear táirgeadh páirteanna, athriochtú feithiclí, athchúrsáil, priontáil 3T agus gníomhaíochtaí tionsclaíocha eile.

(67) Léiríonn sé sin, cé go bhfuil méadú ag teacht ar an éileamh ar fheithiclí leictrithe, go bhfuil fás an mhargaidh gafa den chuid is mó ag hibridí allmhairithe agus go bhfuil sé beartaithe ag táirgeoirí an Aontais an acmhainneacht táirgeachta a laghdú seachas a bheith in ann tairbhiú go hiomlán den fhás sin ar an margadh. Tá coinne leis go leanfaidh an borradh ar allmhairí ar phraghas íseal, rud a chuirfidh tuilleadh brú ar tháirgeoirí an Aontais.

(68) Thug an Coimisiún faoi deara fógraí breise maidir le hathstruchtúrú mórscála, atá nasctha go díreach leis an mbrú domhanda méadaithe agus praghsáil ionsaitheach san earnáil mótarfheithiclí, agus is dócha go mbeidh tionchar acu ar tháirgeadh feithiclí hibrideacha amach anseo. Mar shampla, d'fhógair táirgeoir gluaisteán eile straitéis fhadtéarmach chuimsitheach nua agus athstruchtúrú lena dtugtar aghaidh ar dhianiomaíocht dhomhanda, ar chostais forbartha agus ar bhrúnna atá ag dul i méid ó mhonaróirí mearghluaiseachta na Síne. ([28]) Tá sé beartaithe ag an táirgeoir sin de chuid an Aontais laghdú idir 15 % agus 20 % a dhéanamh ar a lucht saothair innealtóireachta domhanda ([29]) agus tá sé ag díriú ar phoist theicniúla, thaighde agus riaracháin san innealtóireacht a laghdú ar fud an domhain chun costais forbartha feithiclí leictrithe a laghdú. Beidh tionchar mór aige sin, áfach, ar oibríochtaí sa Fhrainc agus sa Spáinn.

(69) Ina theannta sin, thug an Coimisiún dá aire fógraí ó tháirgeoir eile feithiclí hibrideacha de chuid an Aontais maidir le laghdú domhanda beagnach 8 000 fostaí ar an lucht saothair go dtí 2027 ([30]), agus formhór na gciorruithe comhchruinnithe sa Ghearmáin. Tharraing an chuideachta aird ar an meath ar a cumas tuillimh agus ar dhúshláin thromchúiseacha sa mhargadh mar phríomhchatalaíoch don atheagrú.

(70) Thairis sin, thug táirgeoir eile de chuid an Aontais faoi straitéisí laghdaithe struchtúraigh agus srianta costais chun cumas tuillimh a chaomhnú. I bhfianaise an laghdaithe atá ag teacht ar an éileamh ar fheithiclí ardleibhéil agus brúnna diana praghsála sa tSín, mar gheall ar an mbrú a d'eascair as sin ar ioncaim dhomhanda, bhí gá le hoibríochtaí scálaithe siar, spriocanna táirgeachta laghdaithe, agus athmheastóireacht chuimsitheach ar ailtireacht chostais na cuideachta. ([31])

*Acmhainneachtaí móra domhanda atá ar fáil*

(71) Cuirtear i láthair i dTábla 16 réamhaisnéis ó Mobility Global maidir le hacmhainneacht ghinearálta gléasraí sna mórmhargaí domhanda, is iad sin an tSín, an Tuirc, an Chóiré, an tSeapáin agus an Ríocht Aontaithe. Léirítear sa réamhaisnéis go meastar go leanfaidh an treocht aníos maidir le hacmhainneacht ar aghaidh idir 2025 agus 2033, arna spreagadh go príomha ag na méaduithe acmhainneachta sa tSín. Meastar go dtitfidh úsáid na ngléasraí sin faoi bhun 50 % tar éis 2025, rud a léiríonn leibhéal mór acmhainneachta breise ar ábhar imní é. Is í an tSín go háirithe is cúis leis sin, áit a meastar go bhfuil úsáid acmhainneachta chomh híseal le 43 %. Mar thoradh air sin, d'fhéadfadh sé go sroichfeadh an ró-acmhainneacht mheasta ar fud na margaí domhanda sin suas le 50 milliún feithicil, leibhéal atá coibhéiseach le táirgeadh iarbhír. Cé nach mbaineann na figiúirí sin go sonrach le feithiclí hibrideacha, soláthraíonn siad comhthéacs ábhartha chun measúnú a dhéanamh ar na dálaí ina n-oibríonn deighleog na bhfeithiclí hibrideacha. Tá sé sin ábhartha go háirithe i bhfianaise sholúbthacht an táirgthe mótarfheithiclí, agus monaróirí in ann feithiclí a bhfuil gléasraí cumhachta éagsúla acu a tháirgeadh ar na línte táirgthe céanna. Mar thoradh air sin, tá forbairtí i dtáirgeacht agus in acmhainneacht fhoriomlán mótarfheithiclí ábhartha don mheasúnú ar an timpeallacht acmhainneachta atá os comhair dheighleog na bhfeithiclí hibrideacha.

([27]) https://www.stellantis.com/en/company/our-strategy.
([28]) https://www.renaultgroup.com/groupe/notre-strategie/.
([29]) https://www.thechemicalengineer.com/news/renault-to-slash-20-of-engineering-jobs.
([30]) https://motorillustrated.com/an-overview-of-the-job-cuts-made-by-european-automakers-over-the-last-year-and-a-half/190369.
([31]) https://www.automotiveworld.com/topics/software-defined-vehicle/mercedes-benz-boss-warns-china-price-wars-here-to-stay/.

*Tábla 16*

**– Réamhaisnéis ar acmhainneacht ghinearálta gléasraí sna mórmhargaí domhanda**

| An tSín, an tSeapáin, an Chóiré, an Tuirc, an Ríocht Aontaithe | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Táscaire/Bliain | 2023 | 2024 | 2025 | 2026 | 2027 | 2028 | 2029 | 2030 | 2031 | 2032 | 2033 |
| Táirgeacht iomlán (in 1 000 píosa) | 43 988 | 44 022 | 47 112 | 45 297 | 45 172 | 45 093 | 45 455 | 45 996 | 46 261 | 46 839 | 47 124 |
| *Innéacs* | *100* | *100* | *107* | *103* | *103* | *103* | *103* | *105* | *105* | *106* | *107* |
| Toilleadh iomlán (in 1 000 píosa) | 83 884 | 88 072 | 92 077 | 94 684 | 95 179 | 94 847 | 95 624 | 95 283 | 95 447 | 95 626 | 96 127 |
| *Innéacs* | *100* | *105* | *110* | *113* | *113* | *113* | *114* | *114* | *114* | *114* | *115* |
| An úsáid acmhainneachta (mar %) | 52 | 50 | 51 | 48 | 47 | 48 | 48 | 48 | 48 | 49 | 49 |

*Foinse:* Mobility Global.

(72) Dá bhrí sin, bunaithe ar réamhanailís ar mhargadh domhanda na ngluaisteán, tá dóthain acmhainneachta ar fáil lena húsáid ag na honnmhaireoirí agus tá méaduithe breise beartaithe, ar dócha, i bhfianaise na bpraghsanna ísle allmhairiúcháin agus tharraingteacht mhargadh an Aontais d'fheithiclí hibrideacha nua, go ndíreofar iad níos mó agus níos mó ar mhargadh an Aontais.

*Stoic*

(73) Is táscaire ábhartha é leibhéal na stoc hibridí san Aontas maidir leis an mbrú a bheidh ar thionscal an Aontais amach anseo de dheasca táirgí allmhairithe toisc go bhfuil sé beartaithe na cainníochtaí sin a dhíol ar mhargadh an Aontais.

(74) Ag an gcéim seo, díríonn an anailís go háirithe ar an tSín, ós rud é gur cosúil go bhfuil an borradh ar allmhairí á spreagadh go háirithe, ach ní hamháin, ag allmhairí de thionscnamh na Síne. Chun meastachán a dhéanamh ar na leibhéil stoic san Aontas den táirge lena mbaineann, scrúdaíodh staitisticí onnmhairiúcháin ón tSín chuig an Aontas don tréimhse 2023 go 2025. Is féidir a mheas go léiríonn an difríocht idir na honnmhairí arna dtuairisciú ag an tSín agus na hallmhairí arna dtaifeadadh ag an Aontas an líon feithiclí atá ag fanacht le himréiteach custaim san Aontas. Ós rud é go bhféadfadh roinnt míonna a bheith i gceist le feithiclí a loingsiú ón tSín chuig an Aontas, níor cuireadh sonraí a bhaineann leis an mbliain reatha san áireamh.

*Tábla 17*

**Comparáid idir staitisticí onnmhairiúcháin na Síne agus staitisticí allmhairiúcháin an Aontais**

| | 2023 | 2024 | 2025 |
|---|---|---|---|
| Onnmhairí na Síne chuig an Aontas Eorpach (i bpíosaí) | 47 644 | 114 197 | 356 037 |
| Allmhairí an Aontais ón tSín (i bpíosaí) | 46 001 | 106 542 | 302 403 |
| Difríocht (i bpíosaí) | 1 643 | 7 655 | 53 634 |

*Foinse:* Staitisticí onnmhairiúcháin na Síne agus Eurostat.

(75) Bhí an difríocht idir onnmhairí agus allmhairí diomaibhseach in 2023, tháinig méadú beag uirthi in 2024, agus tháinig méadú mór uirthi in 2025, agus shroich sí thart ar 53 000 feithicil. Cé go bhféadfadh sé go ndearnadh imréiteach custaim ar chuid de na feithiclí sin in 2026, tá méid na difríochta a tugadh faoi deara in 2025 fós i bhfad níos airde ná mar a bhí sna 3 bliana roimhe sin. Léiríonn sé sin go bhfuil stoic ag carnadh de réir a chéile agus, dá bhrí sin, go bhfuil siad ag cur leis an mbrú a chuireann allmhairí ar thionscal an Aontais.

### 7.3. **Conclúid**

(76) I bhfianaise an mhéid thuas, tháinig an Coimisiún ar an réamhchonclúid go raibh táirgeoirí an Aontais i staid leochaileach agus go raibh bagairt mórdhíobhála rompu, mar is léir ó na táscairí eacnamaíocha atá ag meath agus a chuirtear i láthair i Roinn 7.1, ón méadú mór atá ag luasghéarú ar allmhairí ar phraghas íseal, ó na hathstruchtúruithe atá beartaithe laistigh de thionscal an Aontais, ó na hacmhainneachtaí móra táirgeachta atá ar fáil ar fud an domhain agus ó na stoic atá ag méadú i margadh an Aontais.

## 8. **CÚISÍOCHT**

(77) Scrúdaigh an Coimisiún an raibh na hallmhairí méadaithe ina gcúis leis an mbagairt mórdhíobhála do tháirgeoirí an Aontais. Ina theannta sin, scrúdaigh an Coimisiún freisin an bhféadfadh tosca aitheanta eile cur leis an mbagairt mórdhíobhála do tháirgeoirí an Aontais an tráth céanna sa chaoi go gcuirfí amhras ar nasc cúisíoch a bheith ann idir an bhagairt mórdhíobhála a bhain do thionscal an Aontais agus na hallmhairí méadaithe.

### 8.1. **Allmhairí méadaithe**

(78) Tá réamhchinneadh déanta ag an gCoimisiún go raibh nasc cúisíoch idir allmhairí méadaithe an táirge lena mbaineann agus an baol mórdhíobhála a bhain do tháirgeoirí an Aontais. Léiríodh an nasc cúisíoch idir an borradh ar allmhairí agus staid eacnamaíoch leochaileach thionscal an Aontais leis na forbairtí a tugadh faoi deara sa tréimhse is déanaí.

(79) Cé gur tháinig méadú ar thomhaltas an Aontais agus ar dhíolacháin an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú, is í an tréimhse is déanaí an chéad tréimhse inar gabhadh fás an mhargaidh le hallmhairí den chuid is mó seachas le tionscal an Aontais. De réir mar a leathnaigh allmhairí go dian a láithreacht i margadh an Aontais le linn na tréimhse sin, tháinig meath ar tháscairí eacnamaíocha thionscal an Aontais, lena n-áirítear caillteanas sciar den mhargadh, brú mór praghsanna, cumas tuillimh atá ag éirí níos leochailí agus an gá atá le hathstruchtúrú breise.

(80) Léiríonn sonraí míosúla don tréimhse is déanaí go bhfuil allmhairí ag teacht isteach i margadh an Aontais ar luas atá ag méadú. Ina theannta sin, tá dóthain acmhainneachta ar fáil lena húsáid ag onnmhaireoirí, agus tá tuilleadh méaduithe beartaithe. I bhfianaise tharraingteacht mhargadh an Aontais le haghaidh hibridí ó thaobh praghais de, meastar go leanfaidh an treocht allmhairiúcháin a breathnaíodh sa tréimhse is déanaí ar aghaidh agus go gcuirfear dlús breise léi fiú.

(81) Ós rud é go bhfuil cumas tuillimh thionscal an Aontais leochaileach cheana féin, mar aon leis na costais arda sheasta agus na hinfheistíochtaí substaintiúla is gá chun leanúint de bheith iomaíoch sa mhargadh sin, níl aon amhras ach go gcuirfidh leanúint na treochta allmhairiúcháin atá ag luasghéarú meath breise ar staid eacnamaíoch an tionscail (mar a tharla sa tréimhse is déanaí), agus is dócha go ndéanfaidh sí mórdhíobháil do tháirgeoirí an Aontais go luath amach anseo.

(82) Dá bhrí sin, tháinig an Coimisiún ar an réamhchonclúid go raibh nasc cúisíoch idir an méadú ar allmhairí agus an baol mórdhíobhála a bhain do tháirgeoirí an Aontais.

### 8.2. **Tosca aitheanta eile**

(83) Chun a áirithiú nach gcuirtear an baol mórdhíobhála i leith tosca seachas allmhairí méadaithe, rinne an Coimisiún réamhanailís chun a chinneadh ar chuir tosca eile leis an mbaol mórdhíobhála a bhain do tháirgeoirí an Aontais agus chun éifeachtaí na dtosca sin a dheighilt agus a idirdhealú ó éifeachtaí na n-allmhairí méadaithe, d'fhonn a shuí roimh ré gurb ann d'fhíorchaidreamh substaintiúil cúise agus éifeachta.

(84) Cé gur toisc thábhachtach iad praghsanna arda fuinnimh i dtáirgeadh feithiclí hibrideacha, eascraíonn bagairt iarbhír mórdhíobhála as an mbrú a chuirtear ar phraghsanna an Aontais mar gheall ar an mborradh atá tagtha ar allmhairí ar phraghas íseal. Go deimhin, is iondúil go mbíonn praghsanna fuinnimh níos airde san Aontas ná i gcodanna eile den domhan. Faoi ghnáthdhálaí an mhargaidh, is féidir le monaróirí méaduithe costais a léiriú ina bpraghsanna díola chun brabúis réasúnta a choinneáil ar bun. Mar sin féin, tagann an táirge lena mbaineann isteach san Aontas ar phraghsanna atá, ar an meán, 18 % níos ísle ná praghsanna an Aontais, rud a chuireann brú ar tháirgeoirí an Aontais agus a chuir cosc orthu a bpraghas díola a mhéadú chun costas an fhuinnimh a chumhdach. Dá bhrí sin, ní hé an méadú ar chostais fuinnimh ann féin é, ach, mar gheall ar na hallmhairí méadaithe, ní féidir le táirgeoirí an Aontais na méaduithe costais sin a léiriú go cruinn ina bpraghsanna díola, rud is cúis le bagairt mórdhíobhála.

(85) A mhéid a bhaineann le feidhmíocht onnmhairiúcháin tháirgeoirí an Aontais, bhí sí cobhsaí den chuid is mó le linn na tréimhse faoi bhreathnú cé is moite de 2024, inar tháinig laghdú ar onnmhairí. I bhfianaise na cobhsaíochta sin, mheas an Coimisiún go sealadach nár chuir an fheidhmíocht onnmhairiúcháin leis an mbagairt mórdhíobhála.

(86) A mhéid a bhaineann le héileamh tomhaltóirí, tá méadú comhsheasmhach ag teacht ar chlárúcháin feithiclí hibrideacha san Aontas ó bhí 2023 ann. Ina theannta sin, de réir Mobility Global, meastar go leanfaidh clárúcháin de bheith ag méadú go dtí 2029.

*Tábla 18*

**Éabhlóid na gclárúchán d'fheithiclí hibrideacha nua san Aontas (le réamhaisnéis)**

| | 2023 | 2024 | 2025 | 2026 | 2027 | 2028 | 2029 | 2030 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Clárúcháin (ina mílte píosa) | 3 530 | 4 048 | 4 749 | 5 552 | 6 056 | 6 359 | 6 430 | 6 173 |
| *Innéacs (2023=100)* | *100* | *115* | *135* | *157* | *172* | *180* | *182* | *175* |

*Foinse:* Mobility Global agus ACEA. Is éard atá sna figiúirí le haghaidh 2026-2030 réamhaisnéis Mobility Global.

(87) Ní hamháin go bhfuil méadú ag teacht ar an líon clárúchán, ach tá méadú tagtha ar sciar na bhfeithiclí hibrideacha sna clárúcháin iomlána ó 33 % in 2023 go 46 % sa Tréimhse is Déanaí.

*Tábla 19*

**An sciar d'fheithiclí hibrideacha nua sna clárúcháin iomlána san Aontas**

| | 2023 | 2024 | 2025 | Tréimhse is Déanaí |
|---|---|---|---|---|
| Sciar d'fheithiclí hibrideacha i gclárúcháin iomlána an Aontais (%) | 33 | 38 | 44 | 46 |
| *Innéacs (2023=100)* | *100* | *115* | *133* | *139* |

*Foinse:* Mobility Global agus ACEA.

(88) Dá bhrí sin, tháinig an Coimisiún ar an réamhchonclúid go bhfuil méadú ag teacht ar éileamh an Aontais ar hibridí agus nach bhfuil an t-éileamh sin ag cur leis an mbagairt mórdhíobhála.

(89) Maidir leis an timpeallacht rialála a bhaineann le hastaíochtaí CO2 a laghdú, ní féidir é sin a mheas mar chúis leis an mbagairt mórdhíobhála. Os a choinne sin, chuir na forbairtí rialála is infheidhme agus atá beartaithe feabhas ar an ionchas do tháirgeoirí feithiclí hibrideacha. Cé go bhfuil spriocanna uaillmhianacha maidir le laghdú CO2 leagtha síos ag an Aontas do ghluaisteáin nua paisinéirí agus veaineanna nua, ní hionann na bearta sin agus toirmeasc láithreach ar theicneolaíochtaí hibrideacha. Ina ionad sin, rinneadh an creat aistrithe a struchtúrú le himeacht ama agus tháinig forbairt air le déanaí ar bhealach nach bhfuil chomh sriantach céanna do tháirgeoirí feithiclí hibrideacha agus a measadh roimhe seo. Go háirithe, aistríodh an chonair bheartais ó na hionchais maidir le haistriú ceallraí-leictreach iomlán níos tapúla faoi 2030 i dtreo cur chuige níos céimsí i dtreo 2035, agus fágann an togra maidir le tagarmharc laghdaithe 90 % ar CO2 in ionad toirmeasc iomlán ar fheithiclí nach feithiclí ceallra-leictreacha iad go bhféadfadh feithiclí hibrideacha a bheith ann i gcónaí. Dá réir sin, measann an Coimisiún nach féidir a shaintréithriú faoi láthair go bhfuil baol ann go ndéanfaidh an timpeallacht rialála mórdhíobháil do tháirgeoirí hibrideacha de chuid an Aontais.

(90) Dá dheasca sin, níor shainaithin an Coimisiún go sealadach aon toisc eile a mhaolódh an nasc cúisíoch idir an méadú ar allmhairí agus an bhagairt mórdhíobhála do tháirgeoirí an Aontais.

### 8.3. **Conclúid**

(91) Ar na cúiseanna thuas, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid shealadach go raibh nasc cúisíoch idir an méadú mór ar allmhairí agus an bhagairt mórdhíobhála a bhain do thionscal an Aontais. D'fhéadfadh sé gur chuir tosca eile leis an mbagairt mórdhíobhála a bhain do tháirgeoirí de chuid an Aontais, ach níor mhaolaigh na tosca sin an nasc cúisíoch.

## 9. **LEAS AN AONTAIS**

(92) Scrúdaigh an Coimisiún an mbeadh sé chun leas an Aontais bearta sealadacha a ghlacadh. Bhí an anailís ar leas an Aontais bunaithe ar luacháil ar na leasanna éagsúla lena mbaineann, lena n-áirítear leasanna tháirgeoirí an Aontais, na n-allmhaireoirí agus na n-úsáideoirí.

(93) Tá cuspóir na haeráidneodrachta i gcroílár an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip, agus is cuspóir é atá ceangailteach ó thaobh dlí de a leagtar amach sa Dlí Aeráide. Chun a sprioc maidir le haeráidneodracht a bhaint amach faoi 2050 ([32]), tá beart á dhéanamh ag an Aontas chun astaíochtaí ó ghluaisteáin a laghdú toisc gurb é an t-iompar de bhóthar is cúis leis an gcúigiú cuid d'astaíochtaí CO2 an Aontais. ([33]) Tá sé d'aidhm ag an Aontas astaíochtaí ó ghluaisteáin a laghdú 55 % agus astaíochtaí ó veaineanna a laghdú 50 % faoi 2030, i gcomparáid le 2021, chun an sprioc astaíochtaí nialasacha ó ghluaisteáin agus veaineanna nua a bhaint amach faoi 2035. ([34]) Dá bhrí sin, tá toirmeasc (faoi láthair) ar ghluaisteáin nua pheitril nó díosail a dhíol ó 2035 ar aghaidh. ([35])

(94) Mar sin féin, le linn na tréimhse aistrithe atá ann faoi láthair idir gluaisteáin innill dócháin agus gluaisteáin lánleictreacha, is rogha mhalartach iad gluaisteáin hibrideacha a úsáideann tomhaltóirí go minic agus a mbíonn tóir acu orthu, toisc go rannchuidíonn siad cheana féin le hastaíochtaí a laghdú ach nach mbaineann míbhuntáiste an raoin tiomána níos ísle leo, mar a bhaineann le go leor gluaisteáin lánleictreacha.

(95) Is amhlaidh atá i gcás monaróirí gluaisteán, a úsáideann gluaisteáin hibrideacha freisin mar shamhlacha idirthréimhseacha idir gluaisteáin innill dócháin agus gluaisteáin lánleictreacha chun costais a scaipeadh agus mar 'shaotharlann' don taighde agus don nuálaíocht chun an bealach a réiteach do ghluaisteáin lánleictreacha úrscothacha.

(96) Dá bhrí sin, dá gcaillfí táirgeadh hibridí san Aontas, d'fhágfadh sé sin nach mbeadh mórán roghanna malartacha ag tomhaltóirí, ós rud é go bhfuil an sciar den mhargadh atá ag allmhairí ón tSín ag scriosadh na sciartha den mhargadh atá ag soláthróirí eile amhail an tSeapáin nó an Chóiré cheana féin, agus le linn na Tréimhse is Déanaí thosaigh allmhairí ón tSín ag gnóthú sciar den mhargadh chun aimhleasa thionscal an Aontais.

(97) Thairis sin, tá costais arda sheasta agus ceanglais shubstainteacha infheistíochta is gá chun leanúint de bheith iomaíoch ina saintréithe den mhargadh sin. Tá tionscal gluaisteán inmharthana brabúsach san Aontas fíor-riachtanach chun na hinfheistíochtaí is gá sa taighde agus san fhorbairt a áirithiú chun gluaisteáin lánleictreacha a tháirgeadh faoi 2035 san Aontas. Ní bheadh sé chun leas an Aontais ligean do ghníomhaithe eachtracha amháin aistriú glas an Aontais a stiúradh.

(98) Ina theannta sin, measann an Coimisiún go mbainfí cothromaíocht iomchuí amach le beart coimirce sealadach san fhoirm a leagtar amach thíos i Roinn 12 idir leasanna tháirgeoirí an Aontais agus úsáideoirí iartheachtacha. Agus tábhacht na hearnála feithiclí hibrideacha do gheilleagar an Aontais á cur san áireamh, go háirithe i dtéarmaí nuálaíochta, leictrithe agus fostaíochta, ba é réamh-mheasúnú an Choimisiúin go mbeadh sé chun leas an Aontais bearta a fhorchur ar fheithiclí hibrideacha.

## 10. **IMTHOSCA CRITICIÚLA**

(99) I gcomhréir le hAirteagal 7, mír 1, litir a) de Rialachán (AE) 2015/478, scrúdaigh an Coimisiún an raibh imthosca criticiúla ann i gcás ina ndéanfadh moill dochar ba dheacair a leigheas. Chuige sin, rinne an Coimisiún measúnú ar staid tháirgeoirí an Aontais, ar na forbairtí ar allmhairí sa tréimhse is déanaí agus ar an dóchúlacht go dtiocfadh méadú breise ar allmhairí go luath amach anseo.

(100) Mar a mhínítear i Roinn 7, d'ainneoin fás mór ar thomhaltas an Aontais, chaill táirgeoirí an Aontais sciar den mhargadh le linn na tréimhse is déanaí, agus tháinig laghdú substaintiúil ar a gcumas tuillimh, agus níor shroich siad ach thart ar dhá thrian den bhrabús íosta is gá de ghnáth chun inmharthanacht airgeadais fhadtéarmach a ngnó hibridí a áirithiú. An tráth céanna, tháinig allmhairí isteach san Aontas ar phraghsanna a bhí 18 % ní b'ísle ar an meán ná praghsanna thionscal an Aontais. Dá bhrí sin, bhí brú iomaíochta méadaitheach ar tháirgeoirí an Aontais tráth a bhfuil teorainn cheana féin lena gcumas tuilleadh meatha ar a staid eacnamaíoch a ionsú.

([32]) Astaíochtaí carbóin a laghdú: Spriocanna agus beartais an Aontais | Topaicí | Parlaimint na hEorpa.
([33]) Astaíochtaí CO2 ó ghluaisteáin: fíricí agus figiúirí (grafaicí faisnéise) | Topaicí | Parlaimint na hEorpa.
([34]) Astaíochtaí ó ghluaisteáin a laghdú:míniú ar spriocanna nua CO2 do ghluaisteáin agus veaineanna | Topaicí | Parlaimint na hEorpa.
([35]) Mar sin féin, i mí na Nollag 2025, thíolaic an Coimisiún togra le haghaidh athbhreithniú ar na caighdeáin astaíochtaí CO2 do ghluaisteáin agus veaineanna. De réir an togra, ó 2035 ar aghaidh, in ionad laghdú 100 %, beidh ar dhéantóirí gluaisteán an sprioc maidir le laghdú 90 % ar astaíochtaí sceithphíopa a chomhlíonadh, agus beidh gá leis an 10 % eile d'astaíochtaí a chúiteamh trí úsáid a bhaint as cruach ísealcharbóin a dhéantar san Aontas, nó as ríomhbhreoslaí agus bithbhreoslaí. Leis sin, beidh feithiclí hibrideacha inluchtaithe, sínteoirí raoin, feithiclí leath-hibrideacha, agus feithiclí innill dócháin inmheánaigh fós in ann ról a imirt tar éis 2035, chomh maith le feithiclí leictreacha iomlána. Féach freisin https://climate.ec.europa.eu/areas-action/transport-decarbonisation/road-transport/cars-and-vans_en.

(101) Deimhníodh le sonraí míosúla gur leanadh den bhorradh ar allmhairí ar phraghas íseal, go háirithe, ach ní hamháin, le haghaidh allmhairí de thionscnamh na Síne. Tháinig allmhairí ón tSín isteach san Aontas ar luas brostaithe, go háirithe sa dara leath den Tréimhse is Déanaí, agus fuair siad sciar breise den mhargadh ar chostas thionscal an Aontais chomh maith le soláthróirí traidisiúnta eile chuig margadh an Aontais. An tráth céanna, tá laghdú ag teacht ar an éileamh intíre sa tSín bliain i ndiaidh bliana, agus meastar go leanfaidh an táirgeacht sa tSín de bheith ag méadú, cé go meastar go bhfuil úsáid acmhainneachta chomh híseal le 43 %. Leis an meascán sin d'acmhainneacht iomarcach, éileamh intíre atá ag lagú agus dianiomaíocht intíre, cruthaítear dreasacht láidir do tháirgeoirí na Síne margaí onnmhairiúcháin a lorg go luath amach anseo. Leis an méadú atá ag teacht ar an úsáid a bhaintear as bearta sriantacha trádála i margaí eile, méadaítear a thuilleadh an riosca go ndíreofar na honnmhairí sin ar an Aontas, ar margadh réasúnta oscailte tarraingteach é i gcónaí. Dá bhrí sin, tá an tAontas neamhchosanta ar an mbaol go dtiocfaidh méadú breise ar allmhairí go luath tráth atá a thionscal i staid leochaileach cheana féin.

(102) Mheas an Coimisiún go gcruthaíonn an meascán de staid eacnamaíoch tháirgeoirí an Aontais atá leochaileach cheana féin, an méadú leanúnach ar allmhairí, an brú substaintiúil ar phraghsanna a chuireann na hallmhairí sin i bhfeidhm agus an dóchúlacht go dtiocfaidh méaduithe breise ar allmhairí go luath amach anseo staid ina ndéanfadh aon mhoill ar ghlacadh beart coimirce sealadach damáiste a bheadh deacair a leigheas. In éagmais gníomhaíocht thráthúil, bheadh ar thionscal an Aontais aghaidh a thabhairt ar mhéaduithe breise ar mhéideanna allmhairí agus ar bhrú leanúnach praghsanna sula bhféadfaí an t-imscrúdú a thabhairt i gcrích.

(103) Dá bhrí sin, chinn an Coimisiún go sealadach go bhfuil imthosca criticiúla ann de réir bhrí Airteagal 7(1)(a) de Rialachán (AE) 2015/478 agus gur cheart bearta coimirce sealadacha a ghlacadh gan mhoill.

## 11. TÍORTHA ÁIRITHE A EISIAMH Ó RAON FEIDHME NA mBEART SEALADACH

(104) I gcomhréir le hAirteagal 18 de Rialachán (AE) 2015/478, ní bheidh feidhm ag na bearta sealadacha maidir le haon táirge de thionscnamh comhalta EDT ar tír i mbéal forbartha í, na hAilgéire ([36]) agus na Liobáine ([37]) fad nach mó ná 3 % a sciar d'allmhairí an táirge sin isteach san Aontas, ar choinníoll nach mó ná 9 % d'allmhairí iomlána an Aontais den táirge lena mbaineann iad comhaltaí ar tíortha i mbéal forbartha iad a bhfuil sciar allmhairiúcháin níos lú ná 3 % acu, i dteannta a chéile.

(105) Liostaítear in Iarscríbhinn I.1 na tíortha i mbéal forbartha atá ina gcomhaltaí de EDT, chomh maith leis an Ailgéir agus an Liobáin, a d'fhéadfadh cáiliú do dhíolúine ó bhearta coimirce, faoi réir na gcoinníollacha a leagtar amach san aithris thuas.

(106) Bhí an mhodheolaíocht a úsáideadh chun sciartha allmhairiúcháin na dtíortha i mbéal forbartha a chinneadh bunaithe ar allmhairí iomlána an táirge lena mbaineann isteach san Aontas in 2025. Rinneadh sciar na n-allmhairí de thionscnamh gach tíre i mbéal forbartha a luaitear in Iarscríbhinn I.1 a ríomh mar chion de mhéid iomlán na n-allmhairí sin. Rinneadh allmhairí de thionscnamh na hÚcráine, na Céinia, na hÍoslainne, Lichtinstéin agus na hIorua a eisiamh ó ríomh na n-allmhairí iomlána.

(107) In Iarscríbhinn I.2 (*Liosta na dtíortha i mbéal forbartha a bhfuil feidhm ag na bearta sealadacha maidir leo*) tá toradh an ríofa sin agus sonraítear ann na tíortha i mbéal forbartha atá faoi réir bearta coimirce sealadacha toisc go bhfuil siad os cionn 3 %. Ní raibh níos mó ná 9 % d'allmhairí iomlána an Aontais den táirge lena mbaineann in 2025 i gceist leis na comhaltaí uile ar tíortha i mbéal forbartha iad a bhfuil sciar níos lú ná 3 % d'allmhairí acu le chéile.

(108) Ina theannta sin, mar a leagtar amach i Roinn 4, ba cheart an Úcráin, an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (LEE) agus an Chéinia a eisiamh ó raon feidhme na mbeart sealadach freisin.

(109) I bhfianaise cheanglais an Chomhaontaithe maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach ('an Comhaontú um Tharraingt Siar'), a bhfuil Creat Windsor ina dhlúthchuid de, agus i bhfianaise cheanglais Rialachán

([36]) Cinneadh ón gComhairle 2005/690/CE an 18 Iúil 2005 maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe Eora-Mheánmhara lena mbunaítear Comhlachas idir an Comhphobal Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Daon-Phoblacht Dhaonlathach na hAilgéire, den pháirt eile, (IO L 265, 10.10.2005, lch. 1–1 ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2005/690/oj).

([37]) Cinneadh ón gComhairle 2006/356/CE an 14 Feabhra 2006 maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe Eora-Mheánmhara lena mbunaítear Comhlachas idir an Comhphobal Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Daon-Phoblacht Dhaonlathach na hAilgéire, den pháirt eile, (IO L 143, 30.5.2006, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2006/356/oj).

(AE) 2020/2170 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([38]), agus chun a áirithiú gur féidir leis na táirgí lena mbaineann leanúint de bheith ag teacht isteach i dTuaisceart Éireann, níor cheart na táirgí sin a bheith faoi réir cuótaí nuair a thugtar iad ó chuid eile den Ríocht Aontaithe agus nuair a dhíoltar iad le tomhaltóirí deiridh i gcríoch Thuaisceart Éireann agus nuair a chláraítear iad lena n-úsáid i dTuaisceart Éireann. Bunaithe ar an bhfianaise atá ar fáil, ní mheasann an Coimisiún go bhféadfadh riosca suntasach a bheith ag baint leis sin d'éifeachtacht an bhirt. Mar sin féin, déanfaidh an Coimisiún dlúthfhaireachán ar shreafaí trádála an táirge lena mbaineann a aistrítear ó chuid eile den Ríocht Aontaithe isteach i dTuaisceart Éireann, chomh maith le sreafaí trádála ina dhiaidh sin ó Thuaisceart Éireann isteach sa chuid eile den Aontas, agus féadfaidh sé an rialachán seo a leasú de réir mar is gá.

## 12. CONCLÚIDÍ AGUS GLACADH BEARTA SEALADACHA

### 12.1. Bearta sealadacha a ghlacadh

(110) Thángthas ar an réamhchonclúid go bhfuil bagairt mórdhíobhála á déanamh do tháirgeoirí an Aontais. I bhfianaise na n-imthosca criticiúla, a mhínítear i Roinn 10, meastar gur cheart bearta coimirce sealadacha a dhéanamh chun tuilleadh dochair do thionscal an Aontais a chosc, dochar ba dheacair a leigheas sula dtabharfaí an t-imscrúdú reatha chun críche.

### 12.2. Foirm, leibhéal agus fad an bhirt shealadaigh

(111) Agus an cineál birt coimirce shealadaigh is iomchuí á chinneadh aige, mheas an Coimisiún roinnt gnéithe.

(112) Ar an gcéad dul síos, mheas an Coimisiún cad is iomchuí chun an bhagairt mórdhíobhála do tháirgeoirí an Aontais a leigheas, rud a tháinig chun solais le linn na tréimhse is déanaí.

(113) Ar an dara dul síos, chuir an Coimisiún san áireamh a chleachtas in imscrúduithe coimirce roimhe seo agus na hoibleagáidí idirnáisiúnta is infheidhme, ar dá réir ba cheart sreafaí trádála traidisiúnta a choinneáil ar bun a mhéid nach gcuireann siad leis an mbagairt mórdhíobhála a suíodh.

(114) Ar an tríú dul síos, mheas an Coimisiún na leibhéil praghsanna ar a dtagann allmhairí isteach san Aontas, imthosca sonracha an mhargaidh, agus cumas na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin dleachtanna breise an-ard a ionsú ([39]). Leis an mbeart, ba cheart cosaint éifeachtach a thabhairt do tháirgeoirí an Aontais ar na hallmhairí méadaithe is cúis le bagairt mórdhíobhála.

(115) I bhfianaise na mbreithnithe thuas, go háirithe maidir leis na himthosca criticiúla a fhágann go bhfuil gá le gníomhaíocht láithreach, mheas an Coimisiún nach dtabharfadh beart taraife freagairt éifeachtach ar bhagairt mórdhíobhála, toisc nach gcuirfeadh sé cosc leordhóthanach ar theacht chun cinn na n-allmhairí méadaithe. Dá bhrí sin, measadh go raibh gá le srian cainníochtúil i bhfoirm cuótaí allmhairiúcháin, lena socraítear uaschainníocht an táirge lena mbaineann a fhéadfar a allmhairiú isteach san Aontas le linn thréimhse chur i bhfeidhm an bhirt coimirce shealadaigh, chun cosaint éifeachtach a thabhairt do tháirgeoirí an Aontais. Níor cheart allmhairí lasmuigh de na cuótaí a cheadú. Nuair a luaitear allmhairí, ba cheart é a léamh mar dhearbhuithe custaim maidir le scaoileadh i saorchúrsaíocht.

(116) D'áirithigh an Coimisiún go bhfuil an beart sin comhoiriúnach le hoibleagáidí an Aontais faoi chomhaontuithe trádála déthaobhacha nó réigiúnacha le tríú tíortha. Chinn an Coimisiún beart a fhorchur i bhfoirm cuótaí. Tháinig an Coimisiún ar an gconclúid gurb é glacadh an bhirt sin an beart is lú suaitheadh maidir le leanúint den trádáil dhéthaobhach le comhpháirtithe saorthrádála an Aontais, rud a bhfuil géarghá leis chun na deacrachtaí atá tagtha chun cinn a leigheas.

([38]) Rialachán (AE) 2020/2170 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2020 maidir le cuótaí rátaí taraife an Aontais agus cuótaí eile ar allmhairí a chur i bhfeidhm (IO L 432, 21.12.2020, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2020/2170/oj).

([39]) I ndáil leis sin, chuir an Coimisiún san áireamh na hacmhainneachtaí táirgeachta breise suntasacha atá ar fáil do tháirgeoirí onnmhairiúcháin, acmhainneacht theoranta na margaí intíre na hacmhainneachtaí sin a ionsú, agus an úsáid mhéadaitheach a bhaintear as bearta sriantacha trádála i margaí eile, rud a fhágann go bhfuil margadh an Aontais an-tarraingteach mar mhargadh le haghaidh rótháirgeachta.

(117) Bunaithe ar bhreithnithe a bhaineann le leas an Aontais agus chun a áirithiú go mbainfear an úsáid is fearr as méideanna na gcuótaí, mheas an Coimisiún gur cheart cuótaí a leithdháileadh go sonrach, ar thaobh amháin, ar thíortha a bhfuil leas substaintiúil acu sa táirge lena mbaineann a sholáthar (ar a dtugtar 'cuótaí tírshonracha', nó 'CSQanna') agus, ar an taobh eile, ar gach tionscnamh eile. Chun críoch an Rialacháin seo, meastar go bhfuil leas substaintiúil soláthair ag tíortha a bhfuil sciar níos mó ná 2 % d'allmhairí acu in 2025 agus gur cheart dóibh cuóta tírshonrach a fháil. Ba cheart cuóta iarmharach ('cuóta na dtíortha eile') a leithdháileadh ar na tíortha soláthair eile go léir.

(118) Mheas an Coimisiún gurbh iomchuí méideanna cuótaí na gcuótaí tírshonracha a shocrú ar leibhéal na n-allmhairí ón tír faoi seach a taifeadadh in 2025, arna méadú faoi luach beagán os cionn 15 %. Leis an gcur chuige sin, cuireadh san áireamh fás mór mhargadh an Aontais le haghaidh feithiclí hibrideacha nua, ar tháinig méadú 15 % ar an meán air le 3 bliana anuas. Mheas an Coimisiún nach léireodh socrú na gcuótaí ar leibhéil trádála stairiúla amháin forbairt an mhargaidh ná leasanna úsáideoirí an Aontais go leordhóthanach. Roghnaíodh 2025 go sealadach mar an bhliain tagartha toisc gurbh í an bhliain iomlán is déanaí í a raibh sonraí ar fáil ina leith. Ina theannta sin, in 2025 taifeadadh na méideanna allmhairí ab airde.

(119) I bhfianaise an lín theoranta feithiclí a allmhairítear ó na tíortha tionscnaimh eile seachas na tíortha tionscnaimh a bhfuil leas substaintiúil acu maidir leis an táirge lena mbaineann a sholáthar ('sealbhóirí cuótaí tírshonracha'), agus chun nach gcuirfí srian míchuí ar a rochtain ar mhargadh an Aontais, socraíodh cuóta bliantúil na dtíortha eile ag 1 500 feithicil, seachas é a ríomh i gcomhréir leis an modheolaíocht a shonraítear in aithris 118.

(120) Leagtar amach na cuótaí in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo. Ba cheart na cuótaí a riar ar bhonn ráithiúil, agus méideanna cuótaí nár úsáideadh á dtabhairt anonn go dtí an chéad ráithe eile (ón 1 Nollaig 2026 go dtí an 28 Feabhra 2027, ón 1 Márta 2027 go dtí an 31 Bealtaine 2027, agus ón 1.Meitheamh 2027 go dtí an 18 Meitheamh 2027), laistigh de thréimhse chur i bhfeidhm an bhirt coimirce shealadaigh.

(121) Ba cheart cuóta na dtíortha eile a líonadh bunaithe ar ord croineolaíoch na ndátaí ar a nglactar le dearbhuithe maidir le scaoileadh i saorchúrsaíocht, dá bhforáiltear i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447 ([40]) ón gCoimisiún. Éilíonn an modh riaracháin sin dlúthchomhar idir na Ballstáit agus an Coimisiún.

(122) Beidh allmhairí laistigh den chuóta is infheidhme faoi réir an ráta dleachta custaim is infheidhme ar shlí eile maidir leis an táirge lena mbaineann, agus aon chóir fhabhrach taraife dá bhforáiltear faoi chomhaontú idir an tAontas agus an tír thionscnaimh á cur san áireamh.

(123) Tá incháilitheacht earraí allmhairithe ó thíortha i mbéal forbartha atá le heisiamh ó na cuótaí ag brath ar thionscnamh na n-earraí. Ba cheart, dá bhrí sin, na critéir chun tionscnamh neamhfhabhrach a chinneadh atá i bhfeidhm faoi láthair san Aontas a chur i bhfeidhm.

(124) Níor cheart allmhairí de bhreis ar an gcuóta is infheidhme a cheadú.

(125) Ós rud é go sloinntear na cuótaí de réir líon na bhfeithiclí, ní féidir ach aonaid iomlána a leithdháileadh. I gcás ina ríomhtar méid an chuóta pro rata temporis, nó i gcás ina leithdháiltear iarrataí ar tharraingtí a sháraíonn an t-iarmhéid atá ar fáil ar bhonn pro rata, ba cheart an toradh a shlánú síos go dtí an t-aonad iomlán is gaire, ionas nach sáraítear an cuóta choíche. Ionas nach laghdófar méid foriomlán an chuóta, níor cheart an t-iarmhéid a eascraíonn as slánú síos a bheith ar fáil lena tharraingt le linn thréimhse reatha an chuóta ach ba cheart é a thabhairt anonn go dtí an chéad tréimhse eile, ach amháin le linn thréimhse dheireanach an chuóta.

(126) Ba cheart feidhm a bheith ag na bearta sealadacha go ceann 200 lá féilire (go dtí an 18 Meitheamh 2027) ón dáta a thiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm. Chun a áirithiú go ndéanfar na rialacha sin a oibríochtú a luaithe is féidir, ba cheart feidhm a bheith acu ó theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, gan aon tréimhse bhlocála.

([40]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447 ón gCoimisiún an 24 Samhain 2015 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le cur chun feidhme forálacha áirithe de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais (IO L 343, 29.12.2015, lch. 558, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2015/2447/oj).

(127) Leagtar amach an táirge faoi imscrúdú in aithris 5. Mar sin féin, tá ardleibhéal castachta ag baint leis na próisis táirgthe agus leis na dálaí margaidh san earnáil mótarfheithiclí ina hiomláine. Go háirithe, féadfar an táirge atá i gceist a mhonarú i saoráidí táirgthe ina dtáirgtear feithiclí freisin nach dtagann faoi raon feidhme an tsainmhínithe ar an táirge, lena n-áirítear trí úsáid a bhaint as na comhpháirteanna céanna. Ina theannta sin, is gné thábhachtach den earnáil mótarfheithiclí é feithiclí athláimhe a dhíol. Dá bhrí sin, déanfaidh an Coimisiún faireachán ar threochtaí allmhairiúcháin, go háirithe i bhfianaise an mhéid seo a leanas:

— Feithiclí atá deartha go príomha chun naonúr nó níos lú daoine a iompar, lena n-áirítear an tiománaí, ina bhfuil inneall loiní dócháin inmheánaigh, bídís athláimhe nó nua, a thagann faoi láthair faoi chóid AC 8703 21 10, 8703 21 90, 8703 22 10, 8703 22 90, 8703 23 11, 8703 23 19, 8703 23 90, 8703 24 10, 8703 24 90, 8703 31 10, 8703 31 90, 8703 32 11, 8703 32 19, 8703 32 90, 8703 33 11, 8703 33 19, 8703 33 90;

— Laistigh den chatagóir a luaitear thuas, micreafheithiclí leictreacha hibrideacha, atá deartha go príomha chun naonúr nó níos lú a iompar, lena n-áirítear an tiománaí, ina bhfuil inneall loiní dócháin inmheánaigh mar mhótar le haghaidh tiomána agus foinse cumhachta leictrí, amhail ailtéarnóir nó dúisire comhtháite, nach n-úsáidtear ach le haghaidh feidhmeanna neamhthiomána; úsáidte nó nua, atá faoi láthair faoi chóid TARIC: 8703 21 10 10, 8703 21 90 10, 8703 22 10 10, 8703 22 90 10, 8703 23 11 10, 8703 23 19 10, 8703 23 90 10, 8703 24 10 10, 8703 24 90 10, 8703 31 10 10, 8703 31 90 10, 8703 32 11 10, 8703 32 19 10, 8703 32 90 10, 8703 33 11 20, 8703 33 19 20 agus 8703 33 90 10;

— Mótarfheithiclí chun earraí a iompar nach mó ná 5 thona a n-ollmheáchan, bídís athláimhe nó nua, gan beann ar a ngléasra cumhachta, a thagann faoi láthair faoi chóid AC 8704 21 31, 8704 21 39, 8704 21 91, 8704 21 99, 8704 31 31, 8704 31 39, 8704 31 91, 8704 31 99, 8704 41 31, 8704 41 39, 8704 41 91, 8704 41 99, 8704 51 31, 8704 51 39, 8704 51 91, 8704 51 99, 8704 60 00;

— Feithiclí hibrideacha athláimhe, atá deartha go príomha chun naonúr nó níos lú a iompar, lena n-áirítear an tiománaí, ina bhfuil inneall loiní dócháin inmheánaigh agus mótar leictreach amháin nó níos mó araon, mar mhótair le haghaidh tiomána, gan beann ar an líon rothaí atá ag gluaiseacht, cibé acu is féidir nó nach féidir na feithiclí a luchtú trína gceangal le foinse sheachtrach cumhachta leictreachais, atá faoi láthair faoi na cóid AC 8703 40 90, ex 8703 50 00, 8703 60 90, ex 8703 70 00 (cóid TARIC 8703 50 00 90; 8703 70 00 90);

— Feithiclí athláimhe nach bhfuil iontu ach mótar leictreach le haghaidh tiomána, atá deartha go príomha chun naonúr nó níos lú a iompar, an tiománaí san áireamh, a thagann faoi láthair faoi chód 8703 80 90.

(128) Trí fhaireachán a dhéanamh ar na catagóirí feithiclí thuas, cuirfear ar a chumas don Choimisiún measúnú a dhéanamh ar na forbairtí allmhairiúcháin le haghaidh na bhfeithiclí sin agus cinneadh a dhéanamh i dtaobh an bhféadfadh athruithe ar phatrúin allmhairiúcháin difear a dhéanamh d'éifeachtacht an bhirt sin.

(129) Chuaigh an Coimisiún i gcomhairle leis an gCoiste um Choimircí arna bhunú faoi Airteagal 3(3) de Rialachán (AE) 2015/478 agus faoi Airteagal 22(3) de Rialachán (AE) 2015/755 faoi seach,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

1. Faoi réir Airteagal 4, osclaítear leis seo cuótaí i ndáil le feithiclí hibrideacha nua áirithe a allmhairiú isteach san Aontas, de thionscnamh tríú tíortha, atá deartha go príomha chun naonúr nó níos lú a iompar, lena n-áirítear an tiománaí, ina bhfuil inneall loiní dócháin inmheánaigh agus mótar leictreach amháin nó níos mó araon, mar mhótair le haghaidh tiomána, gan beann ar an líon rothaí a thiomáintear, bíodh siad inluchtaithe trína gceangal le foinse sheachtrach cumhachta leictreachais nó ná bíodh, atá faoi láthair faoi chóid AC ex 8703 40 10, ex 8703 50 00, ex 8703 60 10, agus ex 8703 70 00 (cóid TARIC 8703 40 10 10, 8703 40 10 90, 8703 50 00 10, 8703 60 10 10, 8703 60 10 90, 8703 70 00 10) ar feadh tréimhse 200 lá féilire ó theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.

2. I gcás ina mbeidh cuóta ídithe, ní cheadófar allmhairiú an táirge lena mbaineann teacht isteach san Aontas.

3. Beidh dearbhú na gcuótaí le haghaidh an tionscnaimh lena mbaineann éigeantach.

4. Beidh allmhairí laistigh den chuóta is infheidhme faoi réir an ráta dleachta custaim is infheidhme ar shlí eile maidir leis an táirge lena mbaineann, agus aon chóir fhabhrach taraife dá bhforáiltear faoi chomhaontú idir an tAontas agus an tír thionscnaimh á cur san áireamh.

5. D'ainneoin na chéad mhíre, allmhairí an táirge lena mbaineann a thugtar isteach i dTuaisceart Éireann ó chuid eile den Ríocht Aontaithe agus a dhíoltar le tomhaltóirí deiridh i gcríoch Thuaisceart Éireann agus a chláraítear lena n-úsáid i dTuaisceart Éireann, ní bheidh na hallmhairí sin faoi réir cuótaí.

6. Ní bheidh feidhm ag an Airteagal seo maidir le táirgí de thionscnamh na dtíortha seo a leanas:

(a) an Íoslainn, Lichtinstéin agus an Iorua;

(b) an Úcráin;

(c) an Chéinia;

(d) tíortha i mbéal forbartha mar a shonraítear in Iarscríbhinn I.1 cé is moite de na tíortha a shonraítear in Iarscríbhinn I.2.

*Airteagal 2*

1. Déanfaidh an Coimisiún agus na Ballstáit na cuótaí a leagtar amach in Airteagal 1 a bhainistiú i gcomhréir leis an gcóras bainistíochta le haghaidh taraifchuótaí dá bhforáiltear in Airteagail 49 go 54 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447.

2. Déanfar na cuótaí a riar go ráithiúil: ón 1 Nollaig 2026 go dtí an 28 Feabhra 2027, ón 1 Márta 2027 go dtí an 31 Bealtaine 2027, agus ón 1 Meitheamh 2027 go dtí an 18 Meitheamh 2027.

3. Cuirfear deireadh le leithdháileadh gach cuóta ráithiúil ar an 20ú lá oibre de chuid an Choimisiúin tar éis dheireadh na tréimhse ráithiúla.

4. Ón 1 Nollaig 2026 go dtí an 18 Meitheamh 2027, déanfar méideanna na gcuótaí nár úsáideadh in aon ráithe amháin a thabhairt anonn go dtí an chéad ráithe eile laistigh den tréimhse bhliantúil chur i bhfeidhm chéanna.

5. Féadfar cainníochtaí a shanntar faoi chuóta a thabhairt ar ais i gcomhréir leis an reachtaíocht chustaim is infheidhme. I gcás inar cuireadh stop le tarraingtí ar chuóta ráithiúil i gcomhréir le hAirteagal 2(3) den Rialachán seo, nó i gcás inar ídíodh cuóta nó inar cuireadh cosc ar shlí eile ar rochtain bhreise air de bhun an Rialacháin seo, ní bheidh athoscailt an chuóta sin i gceist le cainníochtaí den sórt sin a thabhairt ar ais chun iarrataí nua ar tharraingtí a chur isteach nó a ghlacadh. Ní chuirfear na cainníochtaí sin a thugtar ar ais san áireamh ach amháin chun iarmhéid an chuóta ábhartha a choigeartú. I gcás inar aistríodh cheana an t-iarmhéid nár úsáideadh de chuóta ráithiúil chuig an gcéad ráithe eile i gcomhréir le hAirteagal 2(3) den Rialachán seo, ní aistreofar cainníochtaí a tugadh ar ais ina dhiaidh sin i leith na ráithe sin chuig an gcéad ráithe eile. Dá bhrí sin, ní bheidh rochtain ag oibreoirí eacnamaíocha ar na cuótaí sin.

6. De mhaolú ar Airteagal 51(5) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447, ní bheidh cuótaí a dháiltear leis an Rialachán seo faoi réir tréimhse bhlocála.

7. I gcás ina sáraíonn na cainníochtaí a iarrtar iarmhéid an chuóta atá ar fáil, cinnfear na cainníochtaí atá le leithdháileadh ar bhonn pro rata agus, i gcás nach slánuimhir é an toradh, déanfar é a shlánú síos go dtí an t-aonad iomlán is gaire. Cuirfear deireadh leis an gcuóta ó dháta an leithdháilte sin. An t-iarmhéid a bheidh fágtha de thoradh an tslánaithe síos, ní bheidh sé ar fáil le haghaidh tarraingtí breise laistigh den tréimhse chuóta sin agus tabharfar anonn é go dtí an chéad tréimhse chuóta eile, murab í tréimhse an chuóta atá i gceist an ceann deireanach den tréimhse bhliantúil chéanna ina gcuirfear i bhfeidhm é.

*Airteagal 3*

1. Beidh allmhairí na dtáirgí a liostaítear in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán seo faoi réir fhaireachas cúlghabhálach Aontais i gcomhréir le Rialacháin (AE) 2015/478 agus (AE) 2015/755.

2. Tá aicmiú na dtáirgí a chumhdaítear leis an Rialachán seo bunaithe ar AC agus TARIC.

*Airteagal 4*

1. Cinnfear tionscnamh aon táirge a bhfuil feidhm ag an Rialachán seo maidir leis i gcomhréir leis na forálacha atá i bhfeidhm san Aontas maidir le tionscnamh neamhfhabhair agus i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([41]).

2. Mura sonraítear a mhalairt, beidh feidhm ag na forálacha ábhartha atá i bhfeidhm maidir le dleachta custaim.

*Airteagal 5*

1. Beidh tairbhe na gcuótaí dá dtagraítear in Airteagal 1 le haghaidh earraí de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne faoi réir deimhniú cuóta onnmhairiúcháin sínithe agus stampáilte a thíolacadh arna eisiúint ag Comhlachas Tráchtála na Síne um Allmhairiú agus Onnmhairiú Innealra agus Táirgí Leictreonacha (CCCME) de chuid Dhaon-Phoblacht na Síne.

2. Déanfar an deimhniú cuóta onnmhairiúcháin a tharraingt suas ar fhoirm a chomhfhreagraíonn don mhúnla in Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 6*

Oibreoidh na Ballstáit agus an Coimisiún i ndlúthchomhar le chéile chun a áirithiú go gcomhlíonfar an rialachán seo.

*Airteagal 7*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an 1 Nollaig 2026.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 23 Samhain 2026.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN

([41]) Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Deireadh Fómhair 2013 lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais (IO L 269, 10.10.2013, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2013/952/oj).

*IARSCRÍBHINN I*

I.1 — **Liosta na dtíortha i mbéal forbartha, de chomhaltaí EDT, an Ailgéir agus an Liobáin**

An Afganastáin, an Albáin, an Ailgéir, Angóla, Antigua agus Barbúda, an Airgintín, an Airméin, Bairéin, an Bhanglaidéis, Barbadós, an Bheilís, Beinin, an Bholaiv, an Bhotsuáin, an Bhrasaíl, Brúiné Darasalám, Buircíne Fasó, an Bhurúin, Cabo Verde, an Chambóid, Camarún, Poblacht na hAfraice Láir, Sead, an tSile, an tSín, an Cholóim, an Congó, Cósta Ríce, an Cósta Eabhair, Cúba, Poblacht Dhaonlathach an Chongó, Djibouti, Doiminice, an Phoblacht Dhoiminiceach, Eacuadór, an Éigipt, an tSalvadóir, Eswatini, Fidsí, an Ghabúin, an Ghaimbia, an tSeoirsia, Gána, Greanáda, Guatamala, Guine Bissau, an Ghuáin, Háití, Hondúras, Hong Cong, an India, an Indinéis, Iamáice, an Iordáin, an Chasacstáin, an Chéinia, Cuáit, Poblacht na Cirgise, Daon-Phoblacht Dhaonlathach Laos, an Liobáin, Leosóta, Macao, Madagascar, an Mhaláiv, an Mhalaeisia, Oileáin Mhaildíve, Mailí, an Mhárataín, Oileán Mhuirís, Meicsiceo, an Mholdóiv, an Mhongóil, Montainéagró, Maracó, Mósaimbíc, Maenmar, an Namaib, Neipeal, Nicearagua, an Nigéir, an Mhacadóin Thuaidh, Óman, an Phacastáin, Panama, Nua-Ghuine Phapua, Paragua, Peiriú, na hOileáin Fhilipíneacha, Catar, Ruanda, San Críostóir-Nimheas, Saint Lucia, San Uinseann agus na Greanáidíní, Samó, an Araib Shádach, an tSeineagáil, na Séiséil, Siarra Leon, Oileáin Sholomón, an Afraic Theas, Srí Lanca, Suranam, an Táidsíceastáin, an Téalainn, Tíomór Thoir, Tóga, Tonga, Oileán na Tríonóide agus Tobága, an Túinéis, an Tuirc, Uganda, an Úcráin, Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha, Uragua, Vanuatú, Veiniséala, Vítneam, Éimin, an tSaimbia, an tSiombáib.

I.2 — **Liosta de thíortha i mbéal forbartha a bhfuil feidhm ag na bearta cinntitheacha maidir leo**

An tSín, an Tuirc, Meicsiceo agus Maracó.

*IARSCRÍBHINN II*

**Méideanna na gcuótaí**

| Táirge | Cóid CN agus TARIC | Leithdháileadh de réir tíre (i gcás inarb infheidhme) | Ón 1 Nollaig 2026 go dtí an 28 Feabhra 2027 | Ón 1 Márta 2027 go dtí an 31 Bealtaine 2027 | Ón 1 Meitheamh 2027 go dtí an 18 Meitheamh 2027 | Uimhreacha Ordaithe |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | Méid an chuóta (in aonaid) | Méid an chuóta (in aonaid) | Méid an chuóta (in aonaid) | |
| Feithiclí hibrideacha nua áirithe | 8703 40 10 10, 8703 40 10 90, 8703 50 00 10, 8703 60 10 10, 8703 60 10 90, 8703 70 00 10 | an tSín | 86 301 | 88 219 | 17 260 | 090254 |
| | | an tSeapáin | 76 900 | 78 609 | 15 380 | 090255 |
| | | an Tuirc | 56 844 | 58 107 | 11 369 | 090256 |
| | | an Ríocht Aontaithe | 47 431 | 48 485 | 9 486 | 090257 |
| | | Poblacht na Cóiré | 30 566 | 31 245 | 6 113 | 090258 |
| | | Meicsiceo | 15 640 | 15 987 | 3 128 | 090259 |
| | | Maracó | 10 779 | 11 019 | 2 156 | 090260 |
| | | an tSeirbia | 8 709 | 8 902 | 1 742 | 090261 |
| | | Stáit Aontaithe Mheiriceá | 8 317 | 8 502 | 1 663 | 090262 |
| | | an Afraic Theas (*) | ní bhaineann le hábhar | ní bhaineann le hábhar | ní bhaineann le hábhar | ní bhaineann le hábhar |
| | | Tíortha eile | 370 | 378 | 74 | 090290 |

(*) níl sé infheidhme toisc go bhfuil an Afraic Theas díolmhaithe ar bhonn Iarscríbhinn I.2.

*IARSCRÍBHINN III*

**Liosta na dtáirgí atá faoi réir faireachas cúlghabhálach**

— Feithiclí atá deartha go príomha chun naonúr nó níos lú daoine a iompar, lena n-áirítear an tiománaí, ina bhfuil inneall loiní dócháin inmheánaigh, bídís athláimhe nó nua, a thagann faoi láthair faoi chóid AC 8703 21 10, 8703 21 90, 8703 22 10, 8703 22 90, 8703 23 11, 8703 23 19, 8703 23 90, 8703 24 10, 8703 24 90, 8703 31 10, 8703 31 90, 8703 32 11, 8703 32 19, 8703 32 90, 8703 33 11, 8703 33 19, 8703 33 90;

— Laistigh den chatagóir a luaitear thuas, micreafheithiclí leictreacha hibrideacha, atá deartha go príomha chun naonúr nó níos lú a iompar, lena n-áirítear an tiománaí, ina bhfuil inneall loiní dócháin inmheánaigh mar mhótar le haghaidh tiomána agus foinse cumhachta leictrí, amhail ailtéarnóir nó dúisire comhtháite, nach n-úsáidtear ach le haghaidh feidhmeanna neamhthiomána; úsáidte nó nua, atá faoi láthair faoi chóid TARIC: 8703 21 10 10, 8703 21 90 10, 8703 22 10 10, 8703 24 10 10, 8703 22 90 10, 8703 23 11 10, 8703 23 19 10, 8703 23 90 10, 8703 24 90 10, 8703 31 10 10, 8703 31 90 10, 8703 32 11 10, 8703 32 19 10, 8703 32 90 10, 8703 33 11 20, 8703 33 19 20 agus 8703 33 90 10;

— Mótarfheithiclí chun earraí a iompar nach mó ná 5 thona a n-ollmheáchan, bídís athláimhe nó nua, gan beann ar a ngléasra cumhachta, a thagann faoi láthair faoi chóid AC 8704 21 31, 8704 21 39, 8704 21 91, 8704 21 99, 8704 31 31, 8704 31 39, 8704 31 91, 8704 31 99, 8704 41 31, 8704 41 39, 8704 41 91, 8704 41 99, 8704 51 31, 8704 51 39, 8704 51 91, 8704 51 99, 8704 60 00;

— Feithiclí hibrideacha athláimhe, atá deartha go príomha chun naonúr nó níos lú a iompar, lena n-áirítear an tiománaí, ina bhfuil inneall loiní dócháin inmheánaigh agus mótar leictreach amháin nó níos mó araon, mar mhótair le haghaidh tiomána, gan beann ar an líon rothaí atá ag gluaiseacht, cibé acu is féidir nó nach féidir na feithiclí a luchtú trína gceangal le foinse sheachtrach cumhachta leictreachais, atá faoi láthair faoi na cóid AC 8703 40 90, ex 8703 50 00, 8703 60 90, ex 8703 70 00 (cóid TARIC 8703 50 00 90; 8703 70 00 90);

— Feithiclí athláimhe nach bhfuil iontu ach mótar leictreach le haghaidh tiomána, atá deartha go príomha chun naonúr nó níos lú a iompar, an tiománaí san áireamh, a thagann faoi láthair faoi chód 8703 80 90.

*IARSCRÍBHINN IV*

**DEIMHNIÚ CUÓTA ONNMHAIRIÚCHÁIN**

COMHLACHAS TRÁCHTÁLA NA SÍNE UM ALLMHAIRIÚ AGUS ONNMHAIRIÚ INNEALRA AGUS TÁIRGÍ LEICTREONACHA (CCCME)
Seoladh: 8th Floor, Office Tower 2, No. 18 Jianguomennei Street, 100005, Beijing, CHINA
TEIL: 0086-10-58280982
FACS: 0086-10-58280870

| | |
|---|---|
| UIMHIR AN DEIMHNITHE CUÓTA: | |
| DÁTA AN DEIMHNITHE CUÓTA: | |
| AINM AN DÍOLTÓRA: | |
| AINM AN ALLMHAIREORA: | |
| UIMHIR AN tSONRAISC TRÁCHTÁLA: | |
| DÁTA AN tSONRAISC TRÁCHTÁLA: | |

| Sraithuimhir | CÓD AC/TARIC | BRANDA | CINEÁL | CAINNÍOCHT |
|---|---|---|---|---|
| 1 | | | | |
| 2 | | | | |
| 3 | | | | |
| 4 | | | | |
| 5 | | | | |
| 6 | | | | |
| 7 | | | | |
| 8 | | | | |
| 9 | | | | |
| 10 | | | | |
| 11 | | | | |
| 12 | | | | |
| 13 | | | | |
| 14 | | | | |
| 15 | | | | |
| 16 | | | | |
| 17 | | | | |
| 18 | | | | |
| 19 | | | | |
| … (*) | | | | |
| IOMLÁN | | | | |

(*) Is féidir le CCCME cur le líon línte an tábla.

**DEARBHÚ**

Deimhnímse, mise a bhfuil mo shíniú leis seo, go mbaineann an deimhniú seo leis na feithiclí leictreacha hibrideacha a chumhdaítear faoin sonrasc tráchtála arna sholáthar ag [AINM AN DÍOLTÓRA], le haghaidh onnmhairiú de thionscnamh na Síne chuig an Aontas Eorpach de bhun an tsocraithe cuóta faoi bhearta coimirce an Aontais le haghaidh feithiclí leictreacha hibrideacha (Rialachán Cur Chun Feidhme 2026/2614 ón gCoimisiún).
Dearbhaím go bhfuil an fhaisnéis atá sa deimhniú seo fíor agus cruinn, agus nach sáraíonn cainníocht na n-earraí a chumhdaítear leis an deimhniú seo an cuóta a leithdháileadh ar an tSín faoi na bearta coimirce.

AINM AN OIFIGIGH:

SÍNIÚ:

DÁTA: CCCME (SÉALA)